# Children First

Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí

# Children First

## Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí

AN ROINN LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE
2017

Tagann an t-eagrán seo de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* in ionad na n-eagrán roimhe seo, agus ba cheart gurbh é an t-aon eagrán a bheadh in úsáid. Tá sé ceaptha dá úsáid ag an bpobal i gcoitinne, ag daoine sainordaithe agus ag gairmithe eile a dtugann a saothar i dteagmháil le leanaí iad, agus ag foireann agus saorálaithe na n-eagras freisin a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí. Ba cheart go dtabharfadh oibrithe sóisialta agus foireann Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, faoi deara gurb é *An Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint agus Leas Leanaí* an pointe tagartha do gach mionsonra cleachtais.

Cóipcheart © An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2017
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
43–49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4
D04YP52
Éire

Fón: +353 (0)1 647 3000
Ríomhphost: contact@dcya.gov.ie
Gréasán: www.dcya.gov.ie

Arna Fhoilsiú ag Foilseacháin an Rialtais, Baile Átha Cliath

ISBN 978-1-4064-2959 -6

Ba chóir go dtabharfaí aitheantas don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i ngach tagairt don fhoilseachán seo.

I gcomhair chearta aistriúcháin nó atáirgthe, déan teagmháil leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

# CLÁR ÁBHAR


**Brollach leis an Aire** iv

**Caibidil 1: Réamhrá agus Úsáid na *Treorach* seo** 1

- **Forbhreathnú ar leas agus cosaint leanaí** 1
- **An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015** 3
- **Stádas na *Treorach* seo** 4
- **Conas úsáid a bhaint as an *Treoir* seo** 4

**Caibidil 2: Mí-Úsáid Leanaí – Céard í féin? Cén chaoi a n-aithnímse í? Cén chaoi a dtuairiscímse í?** 6

- **Aidhm na caibidle** 7
- **Forais réasúnta imní** 7
- **Na cineálacha mí-úsáide leanaí agus an chaoi ar féidir iad a aithint** 8
  - Faillí 8
  - Mí-úsáid mhothúchánach 9
  - Mí-úsáid chorpartha 10
  - Drochúsáid ghnéasach 10
  - Na cúinsí ina n-éiríonn leanaí níos leochailí don díobháil 12
    - Tromaíocht 14
- **Imní faoi leanbh a thuairisciú** 15
  - Cé leo ar féidir teagmháil a dhéanamh 15
  - Cén t-eolas chun áireamh leis 15
  - An féidir tuairisc a dhéanamh gan ainm a thabhairt? 16
  - Céard a tharlaíonn tar éis do Tusla tuairisc a fháil? 16
  - Imní faoi aosach a fhéadann bheith ina bhaol do leanaí 17
  - An reachtaíocht ábhartha 18
    - An tAcht um Chúram Leanaí 1991 18
    - An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí 1998 18
    - An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 18
    - An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil Siar) 2012 19
    - Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2015 19
    - An tAcht um Thús Áite do Leanaí 19
    - An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 19

**Caibidil 3: Daoine Sainordaithe** 20

- **Aidhm na caibidle** 21
- **Cé hiad na daoine sainordaithe?** 21
- **Cad iad na hoibleagáidí dlíthiúila le duine sainordaithe?** 21

**Imní faoi shainordú a thuairisciú** **22**
Na critéir do thuairisciú: sainmhínithe agus tairseacha 22
Faillí 23
Mí-úsáid mhothúchánach/drochíde 23
Mí-úsáid chorpartha 23
Drochúsáid ghnéasach 23
**Nochtuithe mí-úsáide ó leanbh** **24**
**Daoine sainordaithe a shaothraíonn le haosaigh** **25**
**Plé le líomhain chúlghabhálach** **25**
**Díolúintí ó riachtanais chun tuairisciú** **26**
Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil faoi bhun aoise 26
Imní a forbraíodh lasmuigh de dhualgais ghairmiúla 26
**Tuairisc shainordaithe a dhéanamh** **27**
Comhthuairisciú 28
Eolas a thabhairt don teaghlach go bhfuiltear ag déanamh tuairisce 28
Eolas a thabhairt don fhostóir nó don duine idirchaidrimh ainmnithe 28
Iarmhairtí an neamhthuairiscithe 29
**Cúnamh sainordaithe** **30**
Comhroinnt eolais 30
Cosaint ón dliteanas sibhialta 31
**Comhairle, eolas agus oiliúint do dhaoine sainordaithe** **31**

**Caibidil 4: Freagrachtaí na nEagras a Phléann le Leanaí agus le Daoine Óga** **32**
**Aidhm na caibidle** **33**
**Oibleagáidí reachtúla na seirbhísí ábhartha** **33**
Cad iad na seirbhísí ábhartha faoin Acht? 34
Measúnacht príacail 35
Na priacail lena measúnú a thuiscint 35
Measúnacht priacail a dhéanamh 36
Ráiteas um Chumhdach Leanaí 37
An méid ba cheart a chuimsiú sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí 37
An Ráiteas um Chumhdach Leanaí a chur ar fáil 38
Clár neamh-chomhlíonta 38
**Nósanna imeachta dea-chleactais a chosaint do gach eagraíocht** **38**
Duine idirchaidrimh ainmnithe a cheapadh 39
Ról an duine idirchaidrimh ainmnithe 39
Daoine idirchaidrimh ainmnithe agus daoine sainordaithe 40
Imní faoi leanbh a thuairisciú 40
Grinnfhiosrúchán 41
Comhairle, eolas agus oiliúint d'fhoireann agus do shaorálaithe eagras 42

## Caibidil 5: Plé le himní faoi Leanbh – Tusla agus An Garda Síochána 43

**Aidhm na caibidle** 44

**Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach** 44

**An Garda Síochána** 45

**Comhshaothrú idir Tusla agus An Garda Síochána** 46

Comh-shainagallaimh 47

**Céard a tharlaíonn tar éis d'imní bheith tuairiscithe?** 47

Fáil na himní 48

Ceaduithe tosaigh 48

Measúnacht oibre sóisialta i leith imní 49

Imní óna dteastaíonn seirbhísí tacaíochta teaghlaigh 50

Imní óna dteastaíonn idirghabháil cosanta leanaí 50

Córas Fógartha um Chosaint Leanaí 50

Plean um Chosaint Leanaí 51

Eolas a roinnt le tríú páirtí 52

Cearta na dtuismitheoirí 52

Cearta na leanaí 53

Aiseolas do dhaoine a thuairiscíonn imní 53

Nós imeachta um ghearáin 53

## Caibidil 6: Maoirseacht ar Leas agus Cosaint Leanaí 54

**Aidhm na caibidle** 55

**Ranna Rialtais** 55

**An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige** 55

**Grúpa Idir-Rannach um Chur i bhFeidhm Tús Áite do Leanaí** 55

Grúpaí maoirseachta 56

**Pleananna forfheidhmithe earnálacha** 56

**Comhairle, eolas agus oiliúint** 57

**Comhlachtaí ábhartha eile** 57

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 57

Oifig an Ombudsman do Leanaí 58

An Painéal Athbhreithnithe Náisiúnta 59

## Aguisíní 60

**Aguisín 1: Sceideal na Seirbhísí Reatha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015** 61

**Aguisín 2: Sceideal na nDaoine faoi Sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015** 63

**Aguisín 3: Cionta Gnéasacha arna leagan amach san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 [arna leasú ag an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017]** 65

**Aguisín 4: An Bealach d'Imní faoi Leas nó Cosaint Leanaí a Tuairiscíodh chuig Tusla** 66

# BROLLACH LEIS AN AIRE

Luíonn an fhreagracht ar gach aon duine chun leanaí agus daoine óga a chosaint, agus chun ár ndícheall a dhéanamh chun iad a choinneáil sábháilte. In ainneoin déine ár n-iarrachtaí is amhlaidh nach féidir linn gach mí-úsáid a chosc sula dtarlaíonn sí. Is é an méid ar féidir linn a dhéanamh ná chun saothrú le chéile chun beathaí ár leanaí a dhéanamh níos sábháilte.

Baineann tábhacht leis gur féidir le teaghlaigh, pobail agus gairmithe a aithint nuair a dhéantar díobháil do leanbh nó duine óg, agus go mbíonn a fhios acu faoin mbeart le déanamh mar fhreagra. Cuirtear síos sa leagan leasaithe seo de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* ar na ceithre phríomhchineál mí-úsáide agus leagtar amach inti na céimeanna ar cheart glacadh leo chun a chinntiú go dtugtar cosaint don leanbh nó don duine óg ón díobháil. Táthar tar éis í a nuashonrú chun faisnéis nua a áireamh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, agus áirítear léi faisnéis shonrach do na gairmithe agus do na heagrais ag a mbíonn oibleagáidí dlíthiúla anois chun leanaí a choinneáil sábháilte. Imlínítear sa *Treoir* freisin róil na bpríomhchomhlachtaí reachtúla a bhíonn páirteach i leas agus cosaint leanaí: Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus An Garda Síochána. Faightear mionsonraí inti faoin gcaoi chun imní faoi leanbh éigin a thuairisciú agus faoina dtarlaíonn nuair a fhaigheann Tusla an tuairisc.

Níl sa Treoir leasaithe ach díreach ceann de na hacmhainní infhaighte chun cúnamh le cosaint leanaí. Den chéad uair, tá modúl oiliúna saor in aisce ar líne um leas agus cosaint leanaí ar fáil anois do chách. Tá Tusla tar éis an modúl ríomhfhoghlama a dhearadh chun bheith mar chomhlánú don reachtaíocht agus don Treoir seo. Is féidir teacht air seo, agus roinnt acmhainní faisnéise breise um chosaint agus cumhdach leanaí, ar láithreán gréasáin Tusla, **www.tusla.ie**.

Cé nach foláir dúinn féachaint chuige go dtugtar cosaint do leanaí agus do dhaoine óga ó dhíobháil, tá sé díreach chomh tábhachtach céanna nach gcuirimid srian leo ó ghlacadh le gach deis a thagann leis an saol. Is chun ár leasanna go léir chun is go mbainfidh ár leanaí lán a gcumais amach, agus teastaíonn uaim spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine a shaothraíonn le leanaí chun coinneáil orthu chuige sin. Baineann dua leis an bhfreagracht chun leanaí agus daoine óga a chosaint, ach tá súil agam go mbeidh an Treoir leasaithe seo ina foinse thagartha thacúil agus phraiticiúil do theaghlaigh, pobail agus dóibh siúd a shaothraíonn le leanaí.

**An Dr. Katherine Zappone, TD**

*An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige*

# CAIBIDIL 1

Réamhrá agus Úsáid na *Treorach* seo

# FORBHREATHNÚ AR LEAS AGUS COSAINT LEANAÍ

Is ar thuismitheoirí agus caomhnóirí a luíonn an phríomhfhreagracht as cúram agus as cosaint a leanaí. B'fhéidir go dteastódh uathu ó thráth go chéile tacaíocht agus cúnamh ón Stát ámh chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh mar thuismitheoirí. Is amhlaidh i roinnt cásanna nach mbíonn tuismitheoirí in ann cúram agus cosaint cheart a sholáthar dá leanaí, agus a theastaíonn cúnamh níos déine chun leanaí a choinneáil slán ón díobháil. Bíonn sé mar aidhm ag idirghabhálacha leis an Stát chun cur le láidreachtaí reatha an teaghlaigh. Tairgtear tacaíocht chun cabhrú leis an teaghlach chun aon deacrachtaí a shárú, agus chun a chinntiú go mbíonn an leanbh sábháilte. Is le cúnamh ar féidir leis an gcuid is mó de na teaghlaigh na hathruithe éigeantacha a dhéanamh chun sábháilteacht a linbh a chinntiú.

Cé gurb é ról na dtuismitheoirí chun cosaint a thabhairt dá gclann, bíonn dualgas ar an tsochaí freisin chun leas agus sábháilteacht leanaí a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh gach uile dhuine ar an airdeall go bhféadfadh na leanaí lena mbíonn siad i dteagmháil bheith á mí-úsáid nó bheith i mbaol bheith mí-úsáidte. Tá pobal forleathan na ngaolta, na gcairde, na ngairmithe agus na n-oibrithe deonacha dea-shuite chun bheith feasach faoi leas linbh. Ba chóir go mbeadh a fhios acu cén chaoi chun féidearthacht na mí-úsáide nó na faillí a aithint agus chun freagairt di, ionas go gcinnteofaí go nglactar na céimeanna is éifeachtaí chun leanbh a chosaint agus chun rannchur le sábháilteacht leanúnach na leanaí. Is féidir leis an bpróiseas chun aithint agus tuairisciú mí-úsáide nó faillí leanaí amhrasaí bheith deacair don duine a thugann an tuairisc agus do na teaghlaigh lena mbaineann. Is féidir le mainneachtain chun gníomhú ámh nuair a tharlaíonn mí-úsáid nó faillí leanaí a fhágáil in imthosca díobhálacha, agus d'fhéadfaí díobháil fhadtéarmach a dhéanamh dá bhfolláine san fhadtéarma. Is dualgas uilíoch é chun feidhmiú go híogair ach go freagrach.

Bunaítear beartas leasa agus cosanta leanaí ar chreatlach dhlíthiúil a fhoráiltear den chuid is mó leis an Acht um Chúram Leanaí 1991 agus leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Is sa Treoir seo a imlínítear an beartas agus an cleachtas a fheidhmíonn don limistéar seo. Baineann roinnt eochairphrionsabal le cosaint agus leas leanaí, lena múnlaítear beartas agus dea-chleachtas an Rialtais dóibh siúd a phléann le leanaí. Is iad sin:

- Luíonn an fhreagracht as sábháilteacht agus leas leanaí ar chách
- Ba cheart gurbh iad dea-leasanna an linbh a bheadh in uachtar
- Is í an aidhm fhoriomlán i ngach plé le leanaí agus lena dteaghlaigh ná chun idirghabháil go comhréireach chun tacú le teaghlaigh chun leanaí a choinneáil sábháilte ón díobháil
- Ba chóir go gcuirfeadh idirghabhálacha leis an Stát leis na láidreachtaí agus leis na fachtóirí cosantacha reatha sa teaghlach
- Is eochairchéim í an idirghabháil luath chun torthaí níos fearr a ghnóthú: Ba cheart go mbainfí leas as an idirghabháil íosta agus ba ghá sa chás go gcaitheann an Stát idirghabháil chun leanaí a choinneáil sábháilte

- Níor chóir go mbainfí leanaí dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ach amháin nuair a ídítear gach bealach malartach chun iad a chosaint
- Bíonn ceart urlabhra agus éisteachta ag leanaí, agus go ndéanfaí beart de réir a mbriathair. Ag glacadh a n-aois agus a dtuiscint san áireamh, ba chóir go bhfaighfí comhairle uathu agus go mbeidís rannpháirteach i ngach cúrsa agus cinneadh a rachaidh i bhfeidhm ar a gcuid saolta.
- Bíonn ceart ag tuismitheoirí/caomhnóirí chun urraim a fháil, agus ba cheart go bhfaighfí comhairle uathu agus go mbeidís rannpháirteach i gcúrsaí a bhaineann lena gclann
- Caithfear cothromaíocht chuí a bhaint amach idir cosaint a thabhairt do leanaí agus urraim a thabhairt do chearta agus éilimh na dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí agus na dteaghlach. Caitheann leas an linbh teacht chun tosaigh nuair a bhíonn coimhlint i gceist
- Is gníomhaíocht ilghníomhaireachta ildisciplíneach í cosaint leanaí. Caitheann gníomhaireachtaí agus gairmithe saothrú le chéile ar mhaithe le leasanna na leanaí

Is í *Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*, a céadfhoilsíodh thiar sa bhliain 1999, agus a leasaíodh sa bhliain 2011, atá tar éis bheith mar an treoir náisiúnta d'oibrithe sóisialta, gairmithe, eagrais agus daoine aonair chun cuidiú le leanaí a choinneáil slán agus cosanta ón díobháil. Tá an t-eagrán seo de na *Treoirlínte* ceaptha chun cúnamh leat, bíodh tú i do ghnáthbhall den phobal, i do ghairmí, i d'fhostaí nó i do shaorálaí, chun mí-úsáid agus faillí leanaí a aithint agus a thuairisciú, agus chun plé go héifeachtach leis na himníocha úd. Leagtar amach inti freisin na freagrachtaí reachtúla do dhaoine agus d'eagrais sainordaithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, agus soláthraítear eolas inti faoin gcaoi ina bhfreagraíonn na gníomhaireachtaí reachtúla do thuairisciú faoi imníocha a thugtar i leith leanaí.

## AN tACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ 2015

Tháinig an t-éileamh chun *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* a leasú mar thoradh ar achtachán An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015. Cuirtear roinnt oibleagáidí reachtúla leis an Acht sin ar ghrúpaí gairmithe sonracha, agus go háirithe ar eagrais sonracha a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí. Áirítear leis an Treoir leasaithe seo faisnéis faoi na hoibleagáidí reachtúla do na daoine agus eagrais úd faoin Acht. Leagtar amach inti freisin na nósanna imeachta dea-chleachtais ar cheart dóibh bheith i bhfeidhm do gach eagras a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí.

Táthar ag ceapadh trí fhorálacha an Achta chun:

- Feasacht a spreagadh i leith mhí-úsáid agus fhaillí leanaí
- Foráil do thuairisciú éigeantach ag eochair-ghairmithe
- Socruithe cumhdaigh leanaí a fheabhsú sna heagrais a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí
- Foráil do chomhoibriú agus comhroinnt eolais idir gníomhaireachtaí nuair a dhéanann Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach measúnachtaí cosanta leanaí

Faightear foráil sa reachtaíocht freisin lena mbaintear cosaint an smachtaithe réasúnta i ndáil leis an bpionós corpartha mar chuid d'imeachtaí cúirte.

# STÁDAS NA *TREORACH* SEO

Eisítear an *Treoir* seo faoi alt 6 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Tagann an t-eagrán seo den Treoir in ionad na n-eagrán roimhe seo, agus níor chóir ach gurbh é an t-aon eagrán in úsáid é. Tá sé ceaptha go bhfeidhmeoidh an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 go comhuaineach leis an dea-chleachtas neamhreachtúil a imlínítear sa Treoir seo.

# CONAS ÚSÁID A BHAINT AS AN *TREOIR* SEO

D'fheidhmigh eagráin roimhe seo den *Treoir* mar cháipéis thagartha i leith sonraí cleachtais d'oibrithe sóisialta um chosaint leanaí. Ba le bunú comhlachta aonair, Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i mí Eanáir na bliana 2014 a d'éirigh na nósanna imeachta d'fhoireann Tusla a phléann le leanaí ina gcúram do Tusla. Is acmhainn chleachtais é *An Lámhleabhar um Chleachtas Leasa* atá dírithe ar chleachtóirí oibre sóisialta in Tusla chun tacú leis an dea-chleachtas i saothar líne tosaigh um chosaint agus leas leanaí.  Is sa Lámhleabhar um Chleachtas a leagtar amach na heochaircheisteanna i limistéir aithint na mí-úsáide, freagairt d'atreoruithe, fachtóirí riosca, measúnacht, pleanáil agus idirghabháil. Cé go dtugtar forbhreathnú sa *Treoir* seo ar ról Tusla, ba cheart go gceadófaí cleachtóirí oibre sóisialta agus foireann Tusla an Lámhleabhar um Chleachtas i gcomhair comhairle agus treorach cleachtais mhionsonraithe i leith na ngnéithe éagsúla de shaothar cosanta agus leasa leanaí.

Is é príomhábhar na *Treorach* seo chun cuidiú le léitheoirí ginearálta chun mí-úsáid leanaí a aithint agus chun imní réasúnta faoi leas nó cosaint linbh a thuairisciú. Faightear inti freisin eolas faoi fhreagrachtaí reachtúla na ndaoine aonair dá sainordaítear chun imníocha cosanta leanaí a thuairisciú agus na n-eagras a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí.

**Ciallaíonn 'leanbh' sa *Treoir* seo duine faoi bhun 18 bliain d'aois, nach bhfuil pósta nó nár pósadh riamh.**

Tá **Caibidlí 1 agus 2** ceaptha dá n-úsáid ag **gach** léitheoir, óir go dtugtar achoimre iontu ar eochairtheachtaireachtaí na *Treorach* agus go soláthraítear eolas leo chun imní réasúnta a aithint agus a thuairisciú faoi leas nó cosaint linbh.

Tugtar achoimre i **gCaibidil 3** ar na hoibleagáidí dlíthiúla a cuireadh ar **dhaoine sainordaithe** leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, agus is inti a fhaightear treoir faoi thuairisc shainordaithe a dhéanamh. Tugtar treoir inti do dhaoine sainordaithe freisin nach foláir dóibh cúnamh le Tulsa i measúnú tuairisce i leith imní sainordaithe, má iarrtar amhlaidh orthu. Tugtar cúnamh sainordaithe air sin.

- Faightear treoir i **gCaibidil 4** d'**eagrais a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus daoine óga** faoina gceanglais dlíthiúla de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015. Tugtar achoimre inti faoin gcaoi chun measúnacht priacail a dhéanamh agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú. Faightear inti freisin mionsonraí na nósanna imeachta dea-chleachtais um chumhdach leanaí nach foláir **do gach eagras** a bhreithniú.
- Déantar cur síos i **gCaibidil 5** ar róil Tusla agus An Garda Síochána mar na comhlachtaí reachtúla le príomhfhreagracht as leas agus cosaint leanaí. Tugtar achoimre inti freisin ar a tharlaíonn tar éis tuairisce imní faoi leanbh éigin a thugtar do Tusla.
- Aithnítear i **gCaibidil 6** róil agus freagrachtaí an **Rialtais Lárnaigh** agus na n-eagras agus na struchtúr reachtúil a dhéanann monatóireacht ar fhorfheidhmiú an Achta um Thús Áite do Leanaí 2016 agus na *Treorach* seo.

# CAIBIDIL 2

## Mí-Úsáid Leanaí – Céard í féin? Cén chaoi a n-aithnímse í? Cén chaoi a dtuariscímse í?

# AIDHM NA CAIBIDLE

Tá an chaibidil seo ceaptha chun bheith inléite ag gach uile dhuine a bhíonn i dteagmháil le leanaí – daoine muinteartha, cairde, comharsana, gairmithe agus saorálaithe a shaothraíonn le leanaí. Caitheann gach uile dhuine bheith ar an airdeall go bhféadfadh na leanaí lena mbíonn siad i dteagmháil bheith á mí-úsáid nó á bhfaillí. Cuirtear síos sa chaibidil seo ar na ceithre phríomhcineál mí-úsáide, agus tugtar achoimre inti ar an gcaoi inar féidir mí-úsáid agus faillí a aithint. Tugtar treoir inti freisin faoin gcaoi inar féidir leat imní a thuairisciú do Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Cuirtear freagracht reachtúil le hAlt 3 den Acht um Chúram Leanaí 1991 ar Tusla chun leas leanaí nach bhfaigheann cúram agus cosaint leordhóthanach a chur chun cinn. Bíonn dualgas reachtúil ar Tusla chun freagairt do thuairiscí faoi leanaí nach bhfaigheann cúram agus cosaint leordhóthanach. Is í Tusla a dhéanann measúnú ar an eolas a fhaightear agus ar chás an linbh agus an teaghlaigh, agus a sholáthraíonn idirghabháil oibre sóisialta agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh iomchuí. Tugtar leanaí faoi chúram Tusla nuair is gá, agus mar an rogha dheiridh.



# FORAIS RÉASÚNTA IMNÍ

Ba chóir go dtabharfá eolas do Tusla i gcónaí nuair a bhíonn **forais réasúnta imní** agat go mb'fhéidir go raibh, go bhfuil, nó go mbíonn i mbaol a mí-úsáide ná a bhfaillí. Má dhéanann tú neamhaird ar airíonna féideartha na mí-úsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach bheith á déanamh don leanbh. Ní gá duit a chruthú gur tharla mí-úsáid chun imní a thuairisciú do Tusla. Ní theastaíonn ach go mbíonn forais réasúnta imní agat. Is é ról Tusla chun measúnú a dhéanamh ar na himníocha a tuairiscíodh di. Má thuairiscíonn tú imní éigin, bí ar do shuaimhneas go mbreithneofar d'eolas go cúramach le haon eolas eile a bhíonn ar fáil, agus go ndéanfar measúnú cosanta leanaí mar a n-aithnítear dóthain priacail.

Áirítear leis forais réasúnta d'imní cosanta nó leasa faoi leanbh:

- Fianaise, gortú nó iompar mar shampla, ar comhsheasmhach í leis an mí-úsáid agus nach dócha go raibh cúis éigin eile leo ar bhealach ar bith eile
- Imní ar bith faoi mhí-úsáid fhéideartha
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh le faillí mhothúchánach nó cholanda
- Leanbh a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh mí-úsáid dóibh
- Admháil nó tásc le haosach nó le leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mí-úsáid

**Treoir do dhaoine sainordaithe i leith na dtairseach ag a mbíonn, nó a mbíonn acu os a gcionn oibleagáid reachtúil chun an imní sin a thuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015; is féidir teacht uirthi i gCaibidil 3 den *Treoir* seo.**

Is féidir achoimre mar seo a leanas a thabhairt na prionsabail treoracha chun mí-úsáid nó faillí leanaí a thuairisciú:

1. Caitear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus folláine an linbh thar aon imníocha faoi na haosaigh arbh fhéidir líomhaint a dhéanamh ina leith
2. Ba chóir tuairiscí faoi imní a dhéanamh gan mhoill do Tusla

**Má smaoiníonn tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí gan mhoill.**

# NA CINEÁLACHA MÍ-ÚSÁIDE LEANAÍ AGUS AN CHAOI INAR FÉIDIR IAD A AITHINT

**Ciallaíonn 'leanbh' sa Treoir seo duine faoi bhun 18 bliain d'aois, nach bhfuil pósta nó nár pósadh riamh.**

Is féidir an mhí-úsáid leanaí a chatagóiriú ina ceithre chineál éagsúla: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid cholanda agus mí-úsáid ghnéasach. Is féidir leanbh bheith faoi chineál mí-úsáide amháin nó níos mó ag tráth ar bith. Is féidir leis an mí-úsáid agus leis an bhfaillí tarlú laistigh den teaghlach, sa phobal nó i suíomh institiúideach. Féadann an mí-úsáideoir bheith ina nduine aitheanta nó ina strainséir don leanbh, agus is féidir leo bheith ina n-aosach nó ina leanbh eile. Sa chás go líomhnaítear gur leanbh éigin eile a rinne an mhí-úsáid, ba chóir duit í a mheas ina saincheist leasa agus cosanta linbh don bheirt leanaí, agus ba cheart duit cloí le nósanna imeachta um chosaint leanaí don íospartach agus don mhí-úsáideoir líomhnaithe araon.

Is é an fachtóir tábhachtach nuair a thagtar ar chinneadh an mí-úsáid nó faillí atá san iompar ná tionchar an iompair sin ar an leanbh seachas rún an tuismitheora/chúramóra.

Ní sainmhínithe dlíthiúla atá sna sainmhínithe faillí agus mí-úsáide a thugtar sa chuid seo. Tá siad ceaptha bheith ina gcur síos ar bhealaí ina bhfeicfeadh leanbh mí-úsáid agus an chaoi inar féidir an mhí-úsáid sin a aithint.

## Faillí

Is í an fhaillí linbh an chatagóir mí-úsáide is minice a thuairiscítear, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Aithnítear an fhaillí leanúnach ainsealach de bheith fíordhíobhálach d'fhorbairt agus d'fholláine an linbh, agus féadann iarmhairtí diúltacha fadtéarmacha tromchúiseacha bheith léi.

Tarlaíonn an fhaillí nuair nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim nó maoirseachta sa mhéid agus go ndéantar díobháil cholanda nó fhorbartha don leanbh. Sainmhínítear í go ginearálta i dtéarmaí an chúraim, mar a mbíonn sláinte, forbairt nó leas linbh lagaithe de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagtha intleachtúil nó maoirseachta agus sábháilteachta. Féadann faillí mhothúchánach teacht freisin ó dheacrachtaí ceangail bheith ag an leanbh. Feidhmíonn réimse fachtóirí dul i bhfeidhm ar mhéid na díobhála ar shláinte, forbairt nó leas an linbh. Áirítear leis na fachtóirí sin méid, más ann dó, an tionchair dhearfaigh ar shaol an linbh chomh maith le haois an linbh agus minice agus comhsheasmhacht na faillí.

Baineann an fhaillí leis an mbochtanas, ach ní hamhlaidh gurb é an bochtanas is cúis léi. Tá sí ceangailte go láidir le drochúsáid substaintí ag tuismitheoirí, leis an bhforéigean teaghlaigh, le meabhairghalar tuismitheora agus leis an míchumas.

Bheadh imní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an fhaillí ina gné choitianta sa ghaol idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir. D'fhéadfadh sí sin éirí soiléir mar a bhfeiceann tú leanbh thar thréimhse ama, nó féadann iarmhairtí na faillí bheith follasach bunaithe ar amharc amháin ar an leanbh.

Is gnéithe iad seo a leanas den fhaillí linbh:

- Leanaí fágtha ina n-aonar gan dóthain cúraim agus maoirseachta
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta
- Gan forás ar chúis neamhorgánach, .i. leanbh gan bheith ag méadú ina meáchan; ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothachta mothúchánaí freisin
- Teip chun dóthain cúraim a sholáthar d'éilimh leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil
- Coinníollacha cónaithe neamhdhóthanacha - coinníollacha míshláintiúla, saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear easpa teasa agus troscáin leordhóthanaigh
- Easpa éadaí cuí
- Neamhaird don sláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus nochtadh don chontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta iomchuí d'aois an linbh
- Mainneachtain mharthanach chun freastal ar scoil
- Tréigean nó fágáil

## Mí-úsáid mhothúchánach

Is ionann an mhí-úsáid mhothúchánach drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíochta an linbh mar chuid den chaidreamh for-iomlán idir cúramóir agus leanbh. Deacrachtaí aonuaire agus anois is arís idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh; ní mheastar iad ina mí-úsáid mhothúchánach. Tarlaíonn an mhí-úsáid nuair nach sásaítear éileamh bunúsach linbh d'aird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil, de bharr éagumais nó neamhshuime óna dtuismitheoirí nó óna gcúramóir. Is féidir leis an mí-úsáid mhothúchánach

tarlú nuair a bhíonn aosaigh ar freagrach iad as cúram a thabhairt do leanaí neamhfheasach agus gan bheith ábalta (ar réimse cúiseanna) éilimh mhothúchánacha agus forbartha a leanaí a shásamh. Ní so-aitheanta í an mhí-úsáid mhothúchánach toisc nach bhfeictear na héifeachtaí go furasta.

Bheadh imní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an t-iompar ina ghné choitianta sa chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is féidir an mhí-úsáid mhothúchánach a fheiceáil i roinnt de na bealaí seo a leanas:

- Diúltú
- Easpa compoird agus grá
- Easpa ceangail
- Easpa spreagtha iomchuí (m.sh spraoi agus súgradh)
- Easpa leanúnachais chúraim (m.sh. gluaiseachtaí rialta, go háirithe cinn neamhphleanáilte)
- Easpa leanúnach molta agus spreagtha
- Cáineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán buanseasmhach ar an leanbh
- Tromaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó cion don leanbh ar a gcuid iompair nó gníomhartha
- Róchosantacht mhíchuibheasach
- Pionós neamhcholanda míchuí (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa)
- Coimhlintí teaghlaigh leanúnacha agus foréigean teaghlaigh
- Ionchais rí-mhíchuí de leanbh i gcoibhneas lena n-aois agus lena gcéim forbartha

Ní fhéadann comhartha ar bith den mhí-úsáid mí-úsáid mhothúchánach bheith ann mura dtarlaíonn sí le cineál mí-úsáide éigin eile. Féadtar comharthaí na mí-úsáide mothúchánaí a fheiceáil i leanbh éigin trína mbearta nó trína mothúcháin ar roinnt bealaí. Áirítear leo sin ceangal neamhdhiongbháilteachta, míshonas, lagmheas orthu féin, tearcghnóthachtáil oideachasúil agus forbartha, glacadh rioscaí agus iompar ionsaitheach.

Ba chóir go dtabharfaí faoi deara nach mbíonn táscaire ar bith ina fhianaise dhochloíte den mhí-úsáid mhothúchánach. Is dóichí go rachaidh an mhí-úsáid mhothúchánach i bhfeidhm go diúltach ar leanbh mar a maireann sí thar thréimhse fhada agus mar a mbíonn easpa fachtóirí cosantacha eile.

## Mí-úsáid chorpartha

Is ionann an mhí-úsáid chorpartha agus pé uair a dhéanann duine éigin díobháil cholanda do leanbh d’aontoil nó a chuireann iad i mbaol bheith gortaithe go colanda. Féadann sí tarlú mar theagmhas amháin nó mar phatrún teagmhas. Bíonn imní réasúnta ann mar a ndéantar, nó mar a bhféadfadh díobháil bheith déanta do shláinte agus/nó forbairt an linbh mar thoradh ar mhí-úsáid chorpartha amhrasach.

Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh leis an mí-úsáid chorpartha:

- Pionós corpartha
- Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil
- Brú, creathadh nó caitheamh
- Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige
- Úsáid an fhórsa iomarcaigh le láimhsiú
- Nimh a thabhairt do dhuine d'aonghnó
- Plúchadh
- Tinneas cumtha/spreagtha
- Ciorrú baill ghiniúna ban

Áirítear foráil leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 lena gcealaítear an chosaint sa dlí coiteanna den smachtú réasúnta in imeachtaí cúirte. D'fhéadfaí an chosaint sin a agair le tuismitheoir nó duine éigin eile in údarás a smachtaigh leanbh go colanda. Ciallaíonn an t-athrú sa reachtaíocht anois i gcás na n-ionchúiseamh a bhaineann le hionsaí nó le cruálacht cholanda, duine a riarann an pionós úd le leanbh nach féidir brath ar an gcosaint de smachtú réasúnta in imeachtaí dlíthiúla. Is éard is toradh ón méid sin go mbíonn feidhm anois ag na cosaintí sa dlí a bhaineann le hionsaí do leanbh ar an gcaoi chéanna agus a bhíonn feidhm leo i gcás aosaigh.

## Drochúsáid ghnéasach

Tarlaíonn an drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh dá sásamh nó dá spreagadh gnéasach, nó do shásamh nó spreagadh daoine eile. Áirítear léi baint an linbh le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muríniú, gnéas béil nó treáiteacht) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó tríd an bpornagrafaíocht.

Féadann drochúsáid ghnéasach leanaí speictream leathan gníomhaíochtaí drochúsáideacha a chlúdach. Is annamh a bhaineann díreach teagmhas amháin léi, agus tarlaíonn sí thar achar roinnt blianta i roinnt cásanna. Is coitianta a tharlaíonn an drochúsáid ghnéasach laistigh den teaghlach, lena n-áirítear siblíní níos sine agus daoine muinteartha.

Tagann cásanna drochúsáide gnéasaí chun cinn den chuid is mó trí nochtadh ag an leanbh nó a siblíní/gcairde, ó amhrais le duine fásta, agus/nó le hairíonna colanda.

**Ba chóir go meabhrófaí go bhféadann an ghníomhaíocht ghnéasach le duine óg bheith ina drochúsáid ghnéasach fiú mura n-aithníonn an duine óg i gceist í mar dhrochúsáideach.**

CAIBIDIL 2

Áirítear na samplaí seo a leanas leis an drochúsáid ghnéasach:

- Gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aontoil i láithreacht linbh
- Cuireadh chun méirínteachta gnéasaí nó méirínteacht nó ainteagmháil d'aonghnó ar chorp linbh, bíodh sí ag duine nó ag oibiacht éigin chun críche an spreagtha nó an tsásaimh ghnéasaigh
- Glacaireacht i láithreacht linbh nó baint linbh le gníomh glacaireachta
- Comhriachtain ghnéasach le leanbh, bíodh sí ina gnéas béil, faighne nó tóna
- Dúshaothrú gnéasach linbh, lena n-áirítear:
    - Cuireadh, spreagadh nó comhéigniú linbh chun bheith páirteach sa striapachas nó i dtáirgeadh na pornagrafaíochta linbh [mar shampla, nochtadh, mainicíneacht nó galamaisíocht chun críche an spreagtha, an tsásaimh ghnéasaigh nó gnímh ghnéasaigh éigin, lena n-áirítear a thaifeadadh (ar scannán, fístéip nó meáin eile) nó mí-ionramháil, chun na gcríoch úd, d'íomhá le ríomhaire nó le bealach éigin eile]
    - Cuireadh a thabhairt do, comhéigniú nó spreagadh do leanbh chun bheith páirteach in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó gáirsiúil, nó chun féachaint orthu
    - Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, ar minic é ina ghné den phróiseas 'mealltóireachta' ag na daoine a dhéanann drochúsáid
- Nochtadh linbh d'ábhar míchuí nó drochúsáideach trí fhaisnéis na teicneolaíochta agus na cumarsáide
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil lena mbaineann aosach agus duine faoi aois

Is é An Garda Síochána a phléifidh le gnéithe coiriúla ar bith de chás drochúsáide faoin reachtaíocht ábhartha um cheartas coiriúil. Breithneofar ionchúiseamh ciona ghnéasaigh i gcoinne linbh laistigh de chuspóir foriomlán leas agus chosaint an linbh. Is í sábháilteacht an linbh a bhíonn in uachtar, agus níor cheart sábháilteacht linbh bheith i mbaol ag céim ar bith mar gheall ar imní faoi shláine imscrúdaithe choiriúil.

Maidir leis an mí-úsáid ghnéasach ar leanaí, ba chóir go dtabharfaí faoi deara gurb ionann aois na comhthola le comhriachtain ghnéasach sa dlí coiriúil agus 17 bliain do bhuachaillí agus cailíní araon. Is mídhleathach é caidreamh collaí ar bith mar a mbíonn páirtí amháin nó an bheirt pháirtithe faoi aois 17 bliain. B'fhéidir ámh nach mbreathnófaí air mar dhrochúsáid ghnéasach ar leanbh. Is féidir teacht ar mhionsonraí na ndíolúintí do thuairisciú sainordaithe cásanna gníomhaíochta gnéasaí comhthoiliúla faoi aois áirithe i gCaibidil 3 den *Treoir* seo.

## Na cúinsí ina n-éiríonn leanaí níos leochailí don díobháil

Má bhíonn tú ag plé le leanaí, caitheann tú bheith ar an airdeall faoin bhféidearthacht go dtiocfaidh imní leasa nó cosanta aníos i ndáil le leanbh a thagann os do chomhair. Caitheann duine iontaofa bheith ag leanbh chun is go mbraithfidís iontaoibh chun bheith in ann a ndrochúsáid a nochtadh. Caithfidh a fhios bheith acu go gcreidfear iad agus go bhfaighidh siad an cúnamh a theastaíonn uathu. Féadann siad bheith leochaileach don drochúsáid leanúnach mura mbíonn na nithe sin ar fáil.

Féadann leanaí áirithe bheith níos leochailí don drochúsáid ná leanaí eile. D'fhéadfadh tráthanna nó cúinsí sonracha bheith i gceist freisin nuair a fhéadann leanbh bheith níos leochailí don drochúsáid ina mbeatha. Na leanaí le míchumais, le deacrachtaí cumarsáide, faoi chúram agus ina gcónaí as baile, nó leanaí le tuismitheoir nó le tuismitheoirí dá mbaineann fadhbanna ina mbeatha féin; is féidir leo bheith níos leochailí don díobháil.

Tá an liosta seo a leanas ceaptha chun cabhrú leath chun an réimse saincheisteanna a aithint i mbeatha linbh lenar féidir iad a chur i mbaol níos mó na drochúsáide nó na faillí. **Tá sé tábhachtach go gcuimhneofá nach gá aon cheann de na fachtóirí seo bheith ann go mbítear ag baint drochúsáide as leanbh sna cúinsí nó sna himthosca úd.**

- **Fachtóirí tuismitheora nó cúramóra:**
  - Mí-úsáid drugaí/alcóil
  - Andúile, lena n-áirítear an cearrbhachas
  - Saincheisteanna meabhairshláinte
  - Saincheisteanna le míchumas tuismitheoirí, lena n-áirítear míchumas foghlama nó intleachtúil
  - Caidrimh achrannacha
  - Foréigean teaghlaigh
  - Tuismitheoirí is déagóirí
- **Fachtóir linbh:**
  - Aois
  - Inscne
  - Gnéasacht
  - Míchumas
  - Saincheisteanna meabhairshláinte, lena n-áirítear féindíobháil agus féinmharú
  - Deacrachtaí cumarsáide
  - Gáinneáil/Dúshaothrú
  - Drochúsáid roimhe seo
  - Cúramóir óg
- **Fachtóirí pobail:**
  - Gnásanna cultúrtha, eitneacha, reiligiúnacha nó creideamh-bhunaithe sa teaghlach nó sa phobal; b'fhéidir nach sásaíonn na caighdeáin leasa nó cosanta leanaí a theastaíonn sa dlínse seo
  - Cleachtais sonracha do chultúr, lena n-áirítear:
    - Ciorrú baill ghiniúna ban
    - Pósadh éigeantais
    - Foréigean onóir-bhunaithe
    - Radacú
- **Fachtóirí comhshaoil:**
  - Saincheisteanna tithíochta
  - Leanaí a bhíonn as baile agus nach gcónaíonn lena dtuismitheoirí, bíodh sé go sealadach nó go buan
  - Bochtanas/Impí déirce
  - Tromaíocht
  - Imníocha Idirlín agus i ndáil leis na meáin sóisialta

- **Inspreagadh nó toilteanas lag na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí chun bheith rannpháirteach:**
  - Neamhfhreastal ag coinní
  - Easpa léargais nó tuisceana ar an gcaoi a bhfuiltear ag dul i bhfeidhm ar an leanbh
  - Easpa tuisceana faoin méid a chaithfidh a tharlú chun athrú a chur i gcrích
  - Seachaint na teagmhála nó drogall chun saothrú leis na seirbhísí
  - Éagumas nó neamhthoilteanas chun cloí le pleananna comhaontaithe

Ba chóir duit na fachtóirí sin a bhreithniú mar chuid den fhéidearthacht go bhféadann leanbh bheith i mbaol drochúsáid a fhulaingt agus nuair a thugtar imníocha réasúnta chun airde Tusla.

## TROMAÍOCHT

Aithnítear go dtéann an tromaíocht i bhfeidhm ar bheatha líon méadaitheach leanaí, agus is féidir imníocha fíora a ghiniúint léi faoi leas linbh.

Is féidir an tromaíocht a shainmhíniú mar ionsaí athfhillteach – bíodh sé íde béile, síceolaíochta nó fisiciúil – a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne daoine eile. Is iompar é a bhíonn cráiteach agus imeaglach d’aontoil, agus tarlaíonn sé den chuid is mó i measc leanaí i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós scoileanna. Áirítear léi nósanna iompair ar nós ionsaitheachta colanda, an chibearthromaíocht, damáiste do mhaoin, imeagla, leithlisiú/eisiamh, maslú, béadán mailíseach agus sracadh. Is féidir leis an tromaíocht bheith mar dhrochúsáid freisin bunaithe ar aitheantas inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneachas agus fachtóirí reiligiúnacha. Is amhlaidh i gcás na bhforbairtí sa teicneolaíocht nua-aimseartha ar féidir le leanaí bheith ina n-íospartaigh freisin don tromaíocht neamhtheagmhálach, trí mheán na bhfón póca, an idirlín agus gaireas pearsanta eile.

Cé gur féidir tromaíocht a fheidhmiú ar leanbh ar bith, féadann roinnt acu bheith níos leochailí di. Áirítear leo siúd: leanaí le míchumais nó le sainriachtanais oideachasúla; iad siúd ó mhionghrúpaí eitneacha agus imirceacha; ón Lucht Siúil; leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LGBT) agus iad siúd a bhraitear mar leanaí LGBT; agus leanaí ó chreidimh reiligiúnacha mionlaigh.

Féadann leochaileacht mhéadaitheach bheith ann roimh an tromaíocht i measc leanaí le sainriachtanais oideachasúla. Is amhlaidh go háirithe an méid sin i measc iad siúd nach dtuigeann leideanna sóisialta agus/nó dá mbaineann deacrachtaí leo ag cumarsáid. B’fhéidir nach mbeadh tuiscint ag roinnt leanaí le riachtanais chasta ar imthosca sóisialta, agus go gcuirfidís muinín iomlán i ngach aon duine. Féadann na leanaí sin bheith níos leochailí toisc nach mbíonn na hoilteachtaí ná na hacmhainní sóisialta céanna acu le leanaí eile chun iompar tromaíochta a aithint agus chun iad féin a chosaint ina coinne.

Is fadhb faoi leith sna scoileanna í an tromaíocht de bharr go gcaitheann leanaí go leor dá gcuid ama inti, agus go mbíonn siad i ngrúpaí sóisialta móra. Is iad údaráis na scoile sa chéad ásc a bhíonn freagrach as plé leis an tromaíocht sin. Caitheann cód iompair agus beartas frith-thromaíochta bheith i bhfeidhm ag boird bhainistíochta scoile. Más ball foirne tú i scoil éigin, ba chóir go mb'fheasach duit freisin faoi bheartas frith-thromaíochta do scoile agus faoi na treoirlínte ábhartha faoin gcaoi a gcaitear léi.

I gcásanna tromaíochta tromchúisí mar a meastar an t-iompar bheith beagnach drochúsáideach, b'fhéidir go gcaithfeá atreorú a dhéanamh chuig Tusla agus/nó chuig An Garda Síochána.



# IMNÍ FAOI LEANBH A THUAIRISCIÚ

## Cé leo ar féidir teagmháil a dhéanamh

Ba cheart duit Tusla a chur ar an eolas i gcónaí má bhíonn **forais imní réasúnta** agat go mb'fhéidir gur baineadh, nó go mbaintear, nó go bhfuil leanbh i mbaol a ndrochúsáide nó a bhfaillí. Is féidir leat d'imní a thuairisciú go pearsanta, thar an nguthán nó i scríbhinn – lena n-áirítear trí ríomhphost– chuig an tseirbhís dualgais oibre sóisialta áitiúl sa limistéar ina gcónaíonn an leanbh. Is féidir leat teacht ar shonraí teagmhála d'fhoirne oibre sóisialta Tusla ar láithreán gréasáin Tusla féin (www.tusla.ie).

Má bhíonn tú buartha faoi leanbh, ach nach bhfuil tú cinnte ar cheart duit é a thuairisciú chuig Tusla, b'fhéidir go mb'úsáideach duit chun teagmháil a dhéanamh le Tusla chun d'imní a phlé go neamhfhoirmiúil. Soláthraítear deis leis sin chun an fiosrú a phlé go ginearálta, agus chun teacht ar chinneadh arb iomchuí é tuairisciú foirmiúil i leith imní chuig Tusla ag an gcéim seo. Má thagann an imní faoi bhun na tairsí don tuairisciú, b'fhéidir go mbeadh Tusla in ann comhairle a thabhairt i dtéarmaí súil a choinneáil ar an leanbh agus ar sheirbhísí eile a d'fhéadfadh bheith ní b'oiriúnaí chun éilimh an linbh agus/nó an teaghlaigh a shásamh.

## Cén t-eolas chun áireamh leis

Teastaíonn an oiread eolais agus is féidir ó fhoireann Tusla chun cuidiú leo chun d'imní réasúnta a mheasúnú. Ba chóir duit an oiread eolais ábhartha agus ab fhéidir a sholáthar faoin leanbh, faoina gcúinsí baile agus faoi na forais imní. D'fhéadfaí áireamh leo siúd:

- Ainm, seoladh agus aois an linbh
- Ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí
- Ainmneacha, más eol duit, an duine/na ndaoine atá ag déanamh díobhála don leanbh nó nach dtugann cúram cuí dóibh
- Cuntas mionsonsaithe ar d'fhorais imní (m.sh. sonraí na líomhna, dátaí na dteagmhas, agus tuairisc ar na gortuithe)
- Ainmneacha leanaí eile sa teaghlach
- Ainm na scoile ar a bhfreastalaíonn an leanbh
- D'ainmse, do shonraí teagmhála agus do ghaol leis an leanbh

Ba cheart duit an oiread eolais agus is féidir a thabhairt d'oibrithe sóisialta ag céim luath ionas gur féidir leo ceadú iomlán a dhéanamh ar a gcuid taifead. Cuir i gcás, is féidir leo a fheiceáil an raibh an leanbh agus/nó siblín leo ina n-ábhar atreoraithe roimhe sin, nó an raibh teagmháil roimhe seo ag aosach sa teaghlach leis na seirbhísí cosanta leanaí. Cuidíonn sé le hoibrithe sóisialta fresin chun tosaíocht a bheartú d'aird, óir nach mbíonn siad in ann freagairt go láithreach i leith gach cás. Freagróidh siad i gcónaí ámh mar a mbíonn leanbh i mbaol láithreach nó i mbaol mór a ndíobhála. Cuideoidh sé le Tusla freisin chun teacht ar chinneadh arbh iomchuí seirbhís éigin eile a fháil chun cúnamh le héilimh an linbh a shásamh, .i. seirbhís tacaíochta pobail nó teaghlaigh seachas seirbhís oibre sóisialta.

**Más duine sainordaithe tú, ba chóir duit Caibidil 3 den *Treoir* seo a léamh faoi do chuid freagrachtaí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i leith imníocha sainordaithe a thuairisciú, agus faoin gcaoi chun an tuairisc a dhéanamh.**

**Má bhíonn ábhar imní agat faoi leanbh éigin, ba cheart duit cinneadh a dhéanamh an sásaíonn an imní an tairseach do thuairisc shainordaithe faoin Acht nó nach sásaíonn. Má bhíonn tú sásta go bhfuil an tairseach sin comhlíonta, ba chóir duit a mharcáil go soiléir ar an tuairisc gur tuairisc shainordaithe í faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Ba cheart go dtuairisceofaí imníocha nach gcomhlíonann an tairseach fós féin de réir na *Treorach* seo, más ann d'imní réasúnta faoi leas nó cosaint linbh.**

## An féidir tuairisc a dhéanamh gan ainm a thabhairt?

Cé gur féidir imní a thuairisciú gan d'ainm a thabhairt, b'fhéidir gur dheacair do Tusla chun d'imní a mheasúnú dá réir. Caithfear le gach eolas a sholáthraíonn tú ar bhealach gairmiúil. Cé nach féidir le Tusla rúndacht a ráthú, is iondúil nach nochtar ainmneacha na mball den phobal a thuairiscíonn mí-úsáid amhrasach leanaí gan a gcead a fháil.

Meabhraigh, más duine sainordaithe tú, nach féidir leat tuairisc a thaisceadh i leith imní sainordaithe gan ainm a thabhairt, óir nach gcloífidh tú le d'oibleagáidí faoin Acht má dhéanann tú amhlaidh.

## Céard a tharlaíonn tar éis do Tusla tuairisc a fháil?

Is ar Tusla a bhíonn freagracht reachtúil chun gach tuairisc i leith imníocha leasa agus cosanta leanaí a mheasúnú. Is iad oibrithe sóisialta le Tusla a dhéanann na measúnuithe. Má nochtar imníocha tar éis na gceaduithe tosaigh, is amhlaidh a thiocfaidh a thuilleadh measúnachta lena mbainfidh iniúchadh mionsonraithe ar chúinsí an linbh agus an teaghlaigh ina ndiaidh.

Má nochtar imníocha faoi leas linbh éigin, ach nach mbaineann saincheist chosanta leanaí leo, is féidir an teaghlach a atreorú ansin chuig seirbhísí tacaíochta pobail nó teaghlaigh. Mura bhfaightear imníocha ar bith, is amhlaidh ansin a thaifeadtar an t-eolas agus a choinnítear é ar chomhad rúnda mar a ndéanfar tuilleadh iniúchta air má thagann a thuilleadh imníocha nó eolais chun cinn.

**Leagtar amach i gCaibidil 5 tuilleadh mionsonraí faoi ról Tusla agus faoin gcaoi a bpléitear le tuairiscí faoi imníocha.**

Má dhéanann tú tuairisc faoi leanbh, is iondúil go dtabharfaidh Tusla aitheantas di, agus féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leatsa i gcomhair a thuilleadh eolais más gá. Is intuigthe go gcuirfí ar do shuaimhneas tú go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis an ábhar. B'fhéidir nach féidir le Tusla tú a chur ar an eolas ámh faoi dhul chun cinn ná faoi thoradh na teagmhála ag Tusla leis an leanbh ná leis an teaghlach, chun príobháideachas an linbh agus an teaghlaigh a chosaint; mura mbíonn tú bainteach le comhphléanna faoin tacaíocht teaghlaigh ná faoi phleananna cosanta leanaí. Má bhíonn imníocha agat faoin leanbh go fóill, nó má thagann a thuilleadh eolais chun cinn, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Tusla.

## Imní faoi aosach a fhéadann bheith ina mbaol do leanaí

Cé go dtagann imníocha aníos do leas nó do shábháilteacht linbh ó do thaithí féin ar an leanbh nó ar a dteaghlach sa chuid is mó de na cásanna, tagann imníocha aníos uaireanta faoi an féidir le haosach bheith i mbaol do leanaí, fiú mura n-ainmnítear leanbh sonrach ar bith i ndáil leis an imní. Mar shampla, d'fhéadfadh imní bheith ann bunaithe ar iompar aitheanta nó amhrasach san am atá caite, faoin bpriacal a d'fhéadfadh bheith ag duine aonair do leanaí lena mbíonn teagmháil acu. Ba chóir duit aon imníocha réasúnta mar sin a thuairisciú do Tusla, a dhéanfaidh iarracht chun fáil amach an mbíonn aon leanbh i mbaol faoi láthair ón duine úd.

Cé go ndéanfaidh Tusla gach uile iarracht chun na cásanna sin a iniúchadh, is limistéar fíorchasta é lena mbaineann cearta bunreachtúla an chúisí dá ndea-chlú, dá bpríobháideachas agus don cheart chun beatha a shaothrú, chomh maith le riachtanais an cheartais aiceanta. Caithfidh Tusla feidhmiú laistigh den Bhunreacht, den dlí, den chóras dlíthiúil agus d'éilimh an cheartais aiceanta chun cearta contrártha na ndaoine i gceist a chothromú. Féadfar teorainn a chur leis sin don mhéid aiseolais ar féidir le Tusla a thabhairt duit faoi dhul chun cinn nó faoi thoradh an cháis. Is féidir iniúchadh Tusla a fheabhsú go mór má bhraitheann an t-íospartach líomhnaithe gur féidir leo comhoibriú le Tusla mar chuid dá mheasúnú nó dá imscrúdú.

## An reachtaíocht ábhartha

Tá roinnt eochairchodanna reachtaíochta ann a bhaineann le leas agus le cosaint leanaí. Tugtar leis an eolas anseo achoimre ghairid ar an reachtaíocht ábhartha. Níl sé ceaptha bheith ina thuairim ná comhairle dhlíthiúil, agus má bhítear in amhras faoi, ba cheart duit an bhunreachtaíocht a cheadú.

### AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ 1991

Is í seo eochair-reachtaíocht lena rialaítear beartas cúraim leanaí in Éirinn. Is faoin Acht sin a bhíonn freagracht ag Tusla chun leas leanaí nach bhfaigheann dóthain cúraim agus cosanta a chur chun cinn. Má fhaightear amach nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim agus cosanta, bíonn dualgas ar Tusla chun beart iomchuí a ghlacadh chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfaí áireamh leis sin tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh óna dteastaíonn cúnamh chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí. Is san Acht um Chúram Leanaí freisin a leagtar amach an chreatlach reachtúil chun leanaí a thabhairt i gcúram más gá.

### AN tACHT UM CHOSAINT DAOINE A THUAIRISCÍONN MÍ-ÚSÁID LEANAÍ 1998

Tugtar cosaint duit leis an Acht seo má thugann tuairisc faoi mhí-úsáid leanaí amhrasach d'oifigigh ainmnithe Tusla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) nó do bhaill an Gharda chomh fada agus a dhéantar an tuairisc le dea-intinn agus nach mailíseach í. Áirítear le hoifigigh ainmnithe daoine údaraithe ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tusla chun tuairiscí faoi imníocha sainordaithe a fháil agus a aithint i leith linbh ó dhaoine sainordaithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil seo fiú má thuairiscíonn tú cás de dhrochúsáid linbh amhrasach agus mura mbíonn foras ar bith leis, chaithfeadh gearánaí a ghlacfadh caingean cruthúnas a thabhairt nár fheidhmigh tú go réasúnta agus le dea-intinn nuair a rinne tú an tuairisc. Má dhéanann tú tuairisc le dea-intinn agus ar mhaithe le dea-leasanna an linbh, d'fhéadfá bheith faoi chosaint freisin faoin dlí coiteann le cosaint na pribhléide cáilithe.

Is féidir leat teacht ar an liosta iomlán daoine in Tusla agus sa HSE ar oifigigh ainmnithe iad faoin Acht 1998, ar láithreán gréasáin gach gníomhaireacht (**www.tusla.ie** agus **www.hse.ie**).

### AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL 2006

Cruthaíodh cion de chur i mbaol meargánta leanaí le hAlt 176 den Acht seo. Duine le húdarás nó le smacht thar leanbh nó le mí-úsáideoir a chuireann leanbh i mbaol d'aontoil nó go meargánta; is féidir leo an cion sin a dhéanamh ach:

1. an leanbh a chur nó a cheartú dá gcur nó dá bhfágáil i suíomh ina gcruthaítear priacal substainteach don leanbh de bheith ina íospartach den díobháil thromchúiseach nó den mhí-úsáid ghnéasach; nó
2. Mainneachtain chun céimeanna réasúnta a ghlacadh chun leanbh a chosaint ó bheith i mbaol mar sin agus eolas acu go bhfuil an leanbh sa chás sin.

### AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (FAISNÉIS UM CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA A CHOINNEÁIL SIAR) 2012

Is faoin Acht sin ar cion coiriúil é chun faisnéis a choinneáil siar faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, i gcoinne duine faoi bhun 18 bliain d'aois nó i gcoinne duine leochailigh. Tagann an cion aníos mar a mbíonn a fhios ag duine nó mar a gcreideann siad go ndearnadh cion sonraithe i gcoinne linbh nó duine leochailigh, agus faisnéis acu lena gcuideofaí chun duine éigin eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú as an gcion sin, ach go mainníonn siad gan leithscéal réasúnta chun an fhaisnéis sin a nochtadh, chomh luath agus is indéanta, do bhall den Gharda Síochána.

Tagann na forálacha den reachtaíocht Choinneála Siar **sa bhreis** ar aon riachtanais tuairiscithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

### NA hACHTANNA UM AN MBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA) 2012-2016

Bíonn sé éigeantach faoi na hAchtanna seo d'fhostóirí chun nochtuithe grinnfhiosrúcháin a fháil i ndáil le duine ar bith a dhéanann saothar ábhartha le leanaí nó le haosaigh shoghonta. Cruthaítear cionta agus pionóis leis na hAchtanna do dhaoine a mhainníonn chun comhlíonadh lena bhforálacha. Is sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016 a leagtar amach na hoibleagáidí reachtúla ar fhostóirí i ndáil le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin Gharda do dhaoine a oibríonn le leanaí agus le haosaigh shoghonta.

### AN tACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ 2015

Is breiseán tábhachtach don chóras leasa agus cosanta leanaí é an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, óir go gcuideoidh sé chun a chinntiú go dtugtar imníocha cosanta leanaí chun airde Tusla gan mhoill.

Foráiltear san Acht do thuairisciú éigeantach na n-imníocha leasa agus cosanta leanaí ag eochairghairmithe; measúnú priacail agus pleanáil chuimsitheach do bhéascna eagrúcháin láidir den chumhdach i ngach seirbhís a sholáthraítear do leanaí; foráil do chlár neamh-chomhlíonta; agus bonn taca reachtúil a thabhairt do Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí.

### AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA GNÉASACHA) 2017

Tugtar aghaidh san Acht sin dúshaothrú gnéasach leanaí, agus dírítear ann orthu siúd a dhéanann an ghníomhaíocht choiriúil sin. Cruthaítear cionta leis a bhaineann le fáil nó le soláthar leanaí chun críocha an dúshaothraithe ghnéasaigh. Cruthaítear cionta leis freisin de na cineálacha gníomhaíochta a fhéadann tarlú le linn na gcéimeanna luatha den phróiseas creachóireach roimh dhúshaothrú iarbhír linbh éigin, mar shampla, úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha chun teacht i dtír ar pháistí agus socruithe a dhéanamh chun bualadh le leanbh leis an rún chun an leanbh a dhúshaothrú go gnéasach. Aithnítear san Acht freisin gurb ann do chaidrimh chomhthoiliúla chomhaoiseacha faoi bhun na haoise mar a dtagann aon ghníomhaíocht ghnéasach taobh istigh de theorainneacha aoise diansainithe, agus nach imeaglach nó dúshaothraitheach é an caidreamh.

# CAIBIDIL 3

Daoine Sainordaithe

# AIDHM NA CAIBIDLE

Cuirtear oibleagáid dhlíthiúil leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ar dhaoine áirithe, ar gairmithe go leor acu, chun imníocha cosanta leanaí a thuairisciú ag tairseacha sainithe nó os a gcionn do Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Caitheann na daoine sainordaithe sin cúnamh le Tusla freisin, ach iarratas a fháil, ina measúnú ar imníocha cosanta leanaí faoi leanaí a bhí mar ábhair de thuairisc shainordaithe éigin. Is éard is cuspóir leis an gcaibidil seo ná chun daoine sainordaithe a shainaithint agus chun cuidiú leo chun a gcuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Dírítear sa chaibidil ar na hoibleagáidí dlíthiúla le daoine sainordaithe faoin Acht. Ba cheart go léifí í le Caibidil 2 den *Treoir* seo, ina leagtar amach an dea-chleachtas neamhreachtúil do gach duine, lena n-áirítear daoine sainordaithe, chun imníocha réasúnta a thuairisciú faoi leanbh éigin do Tusla.

# CÉ hIAD NA DAOINE SAINORDAITHE?

Is ionann daoine sainordaithe agus daoine a mbíonn teagmháil acu le leanaí agus/nó le teaghlaigh, agus a bhíonn in eochairphost mar gheall ar a gcáilíochtaí, oiliúint agus/nó ról fostaíochta, chun cuidiú chun leanaí a chosaint ó dhíobháil. Áirítear le daoine sainordaithe gairmithe ag obair le leanaí sna hearnálacha oideachais, sláinte, ceartais, óige agus cúraim leanaí. Is daoine sainordaithe iad freisin gairmithe áirithe b'fhéidir nach n-oibríonn go díreach le leanaí, ar nós na ndaoine úd sa chomhairleoireacht d'aosaigh nó sa tsíciatracht. Áirítear leis an liosta freisin cúramóirí altrama agus baill den chléireachas nó oibrithe cúraim thréadaigh le heaglais nó le pobal creidmheach éigin eile.

Ba cheart duit an liosta iomlán daoine a cheadú ar daoine sainordaithe aicmithe iad faoin Acht in **Aguisín 2**, chun fáil amach an duine sainordaithe atá ionatsa.

# CAD IAD NA hOIBLEAGÁIDÍ DLÍTHIÚLA DO DHUINE SAINORDAITHE?

Bíonn dhá phríomhoibleagáid dhlíthiúla ag daoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Is iad sin:

1. Díobháil do leanaí os cionn tairsí sainithe a thuairisciú le Tusla;
2. Cúnamh le Tusla má iarrtar orthu, chun imní a mheasúnú a tháinig faoi réir tuairisce sainordaithe.

**Sloinntear in Alt 14(1) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015:**

> *'...where a mandated person knows, believes or has reasonable grounds to suspect, on the basis of information that he or she has received, acquired or becomes aware of in the course of his or her employment or profession as such a mandated person, that a child–*
>
> *(a) has been harmed,*
> *(b) is being harmed, or*
> *(c) is at risk of being harmed,*
>
> *he or she shall, as soon as practicable, report that knowledge, belief or suspicion, as the case may be, to the Agency.'*

**Cuirtear oibleagáidí ar dhaoine sainordaithe le hAlt 14(2) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 chun aon nochtuithe le leanbh a thuairisciú:**

> *'Where a child believes that he or she–*
>
> *(a) has been harmed,*
> *(b) is being harmed, or*
> *(c) is at risk of being harmed,*
>
> *and discloses this belief to a mandated person in the course of a mandated person's employment or profession as such a person, the mandated person shall, ... as soon as practicable, report that disclosure to the Agency.'*

**Sainítear an díobháil in Alt 14(2) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 mar seo a leanas:**

> *'harm means in relation to a child -*
>
> *(a) assault, ill-treatment or neglect of the child in a manner that seriously affects, or is likely to seriously affect the child's health, development or welfare, or,*
> *(b) sexual abuse of the child.'*

# IMNÍ FAOI SHAINORDÚ A THUAIRISCIÚ

## Na critéir do thuairisciú: sainmhínithe agus tairseacha

Mar dhuine sainordaithe, ní foláir duit de réir na reachtaíochta chun aon eolas, creideamh nó amhras réasúnta go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuiltear á ndíobháil, nó go bhfuil siad i mbaol a ndíobhála a thuairisciú. Sainmhínítear an díobháil san Acht mar ionsaí, drochíde, faillí nó mí-úsáid ghnéasach, agus cuimsíonn sí teagmhas amháin nó ilteagmhais. Cuirtear síos ar na ceithre chineál mí-úsáide i gCaibidil 2. Tugtar achoimre thíos ar an tairseach díobhála i leith gach catagóir mí-úsáide ag a mbíonn oibleagáid **dhlíthiúil** ar dhaoine sainordaithe chun imníocha a thuairisciú.

Má bhíonn tú in amhras an sásaíonn d'imní an sainmhíniú dlíthiúil den díobháil chun tuairisc shainordaithe a cheapadh, is féidir le Tusla comhairle a sholáthar ina leith sin. Is féidir leat teacht ar mhionsonraí an duine chun teagmháil a dhéanamh leo agus chun d'imní a phlé leo ar láithreán gréasáin Tusla (www.tusla.ie). Mura sásaíonn d'imní an tairseach don tuairisciú sainordaithe, ach go mbraitheann tú gur **imní réasúnta** atá ann faoi leas nó cosaint linbh, ba chóir duit í a thuairisciú le Tusla faoin *Treoir* seo.

## FAILLÍ

Sainmhínítear an fhaillí mar 'dóthain bia, teasa, éadaí, sláinteachais, sábháilteachta nó cúraim leighis a bhaint de leanbh'. Baintear amach tairseach na díobhála, ag ar cheart duit tuairisciú le Tusla de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn a fhios agat, a chreideann tú, nó a bhíonn forais réasúnta agat chun bheith in amhras go ndearnadh faillí ar éilimh linbh, go bhfuiltear ag déanamh faillí orthu, nó go bhfuil siad i mbaol faillí a dhéanamh orthu; mar a ndeachthas i bhfeidhm go mór ar shláinte, forbairt nó leas leanaí, nó mar a dtéitear i bhfeidhm go mór orthu, nó mar ar dócha go rachfar i bhfeidhm go mór orthu.

## MÍ-ÚSÁID MHOTHÚCHÁNACH/DROCHÍDE

Sainmhínítear an drochíde mar 'leanbh a thréigean nó bheith cruálach le leanbh, nó bheith ina cúis le tréigean nó le drochíde chruálach nó chun iad a sholáthar nó chun ligean dóibh tarlú. Clúdaítear an mhí-úsáid mhothúchánach sa sainmhíniú den drochíde as a mbaintear leas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Baintear amach tairseach na díobhála, ag ar cheart duit tuairisciú le Tusla de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn a fhios agat, a chreideann tú, nó a bhíonn forais réasúnta agat chun bheith in amhras go ndearnadh faiilí ar éilimh linbh, go bhfuiltear ag déanamh faillí orthu, nó go bhfuil siad i mbaol faillí a dhéanamh orthu; **mar a ndeachthas i bhfeidhm go mór ar shláinte, forbairt nó leas leanaí, nó mar a dtéitear i bhfeidhm go mór orthu, nó mar ar dócha go rachfar i bhfeidhm go mór orthu.**

## MÍ-ÚSÁID CHORPARTHA

Clúdaítear an mhí-úsáid chorpartha sna tagairtí don ionsaí san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Baintear amach tairseach na díobhála, ag ar cheart duit tuairisciú le Tusla de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn a fhios agat, a chreideann tú, nó a bhíonn forais réasúnta agat chun bheith in amhras go ndearnadh faiilí ar éilimh linbh, go bhfuiltear ag déanamh faillí orthu, nó go bhfuil siad i mbaol faillí a dhéanamh orthu; **mar a ndeachthas i bhfeidhm go mór ar shláinte, forbairt nó leas leanaí, nó mar a dtéitear i bhfeidhm go mór orthu, nó mar ar dócha go rachfar i bhfeidhm go mór orthu.**

## DROCHÚSÁID GHNÉASACH

Más rud é go mbíonn eolas agat, go gcreideann tú nó go mbíonn forais réasúnta amhrais agat mar dhuine sainordaithe go ndearnadh drochúsáid ghnéasach do leanbh, go bhfuiltear á ndrochúsáid nó go bhfuil siad i mbaol

drochúsáide, ní foláir duit é sin a thuairisciú le Tusla de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Sainmhínítear an drochúsáid ghnéasach lena tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 [arna leasú ag alt 55 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 mar chion i gcoinne linbh, arna liostú i Sceideal 3 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Leagtar amach in **Aguisín 3** den *Treoir* seo liosta iomlán de na cionta ábhartha i gcoinne linbh a meastar fúthu bheith ina ndrochúsáid ghnéasach.

Óir go dtagann gach drochúsáid ghnéasach faoin gcatagóir de thionchar **tromchúiseach a fheidhmiú ar shláinte, leas nó forbairt linbh**; ní mór duit gach imní faoin drochúsáid ghnéasach a thaisceadh mar thuairisc shainordaithe le Tusla. Tá eisceacht amháin ann, ina bpléitear le roinnt gníomhaíochta gnéasaí comhthoiliúla idir déagóirí, a dtugtar achoimre orthu ar leathanach 26 den *Treoir* seo.

## Nochtuithe mí-úsáide ó leanbh

Má fhaigheann tú nochtadh díobhála ó leanbh mar dhuine sainordaithe, a bhíonn os cionn na dtairseach a leagtar amach thuas, ní foláir duit tuairisc shainordaithe faoi imní a dhéanamh le Tusla. **Ní gá duit fírinne na n-éileamh ná creidiúnacht an linbh a bhreithniú.** Mura sásaíonn an imní an tairseach chun tuairisciú mar imní shainordaithe, ba cheart duit í a thuairisciú le Tusla mar imní réasúnta de réir na *Treorach* seo.

Má fhaigheann tú nochtadh díobhála ó leanbh, d'fhéadfá bheith drogallach chun é sin a thuairisciú ar roinnt cúiseanna. Mar shampla, b'fhéidir go ndéarfadh an leanbh nach dteastódh uathu an nochtadh a thuairisciú, nó féadfaidh tú glacadh leis an tuairim go bhfuil an leanbh sábháilte anois, agus b'fhéidir nach dteastóidh dlúthbhaint Tusla ón leanbh ná óna dteaghlach. Caithfidh tú Tusla a chur ar an eolas ámh i leith gach priacal do leanbh os cionn na tairsí, óir nach gcreideann baint priacail de leanbh amháin nach mbíonn leanbh ar bith eile i mbaol. Féadann an t-eolas a fhaightear sa nochtadh bheith ríthábhachtach do mheasúnú priacail Tusla i leith linbh éigin eile, bíodh sé anois nó amach anseo.

Ba chóir duit plé le nochtuithe mí-úsáide go híogair agus go gairmiúil. Moltar an cur chuige seo a leanas mar dhea-chleachtas chun plé leis na nochtuithe sin.

- Fan socair nuair a fhaigheann tú an nochtadh
- Éist go cúramach agus go haireach
- Glac go tromchúiseach lena bhfuil á rá ag an leanbh
- Cuir an leanbh ar a suaimhneas gur ghlac siad an beart ceart chun labhairt leat
- Ná geall chun rud ar bith a choinneáil rúnda
- Ná cuir ceisteanna ach ar chúiseanna soiléirithe amháin. Ná cuir treoircheisteanna
- Ceadaigh leis an leanbh arís gur ceart agus gur tuigeadh an méid a chuala tú

- Ná nocht aon tuairimí faoin mí-úsáideoir líomhnaithe
- Déan cinnte go dtuigeann an leanbh na nósanna imeachta a thiocfaidh ina dhiaidh
- Breac síos taifead scríofa den chomhrá chomh luath agus is féidir, chomh mionsonraithe agus is féidir
- Caith go rúnda leis an eolas, faoi réir riachtanais na *Treorach* agus na reachtaíochta sin

## Daoine sainordaithe a shaothraíonn le haosaigh

Más gairmí tú a shaothraíonn le daoine nó a thugann cóireáil do dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte, le míchumas intleachtúil, leis an andúile nó le saincheisteanna foréigin teaghlaigh, nó má oibríonn tú sna seirbhísí promhaidh, caithfidh tú machnamh faoi leas agus sábháilteacht leanaí ar bith i dteaghlach an duine sin agus/nó leanaí i dteagmháil rialta leis an duine. B'fhéidir go mbíonn tú ag obair le daoine a ndearnadh díobháil dóibh nó a fhéadann a sláinte agus a n-iompar díobháil a dhéanamh ar leanbh. Más ann d'imníocha a shásaíonn nó a sháraíonn na tairseacha a dtugtar achoimre orthu thuas, ní foláir duit iad a thuairisciú le Tusla ansin faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Ba cheart duit imníocha réasúnta faoi bhun na tairsí sin a tharchur chuig Tusla de réir na *Treorach* seo.

## Plé le líomhain chúlghabhálach

Féadann roinnt aosach drochúsáid a nochtadh, ar le linn a leanbhaoise a tharla sí. Féadann na nochtuithe sin teacht chun cinn nuair a fhreastalaíonn aosach ar chomhairleoireacht, nó nuair a thugtar cóireáil dóibh as fadhb shíciatrach nó shláinte éigin. Más comhairleoir nó gairmí sláinte tú mar shampla, agus go bhfaigheann tú nochtadh ó chliant go ndearnadh drochúsáid dóibh mar leanbh, ba chóir duit an t-eolas sin a thuairisciú le Tusla, óir go bhféadann priacal reatha bheith ag an mí-úsáideoir líomhnaithe do leanaí.

Má sholáthraíonn tú comhairleoireacht mar dhuine sainordaithe, moltar duit do chliaint a chur ar an eolas, sula dtosaíonn an chomhairleoireacht, má thagann aon saincheisteanna cosanta leanaí aníos agus gurb inaitheanta é an té a rinne an choir, nach mór duit an t-eolas a thabhairt do Tusla. Mura mbraitheann do chliant bheith in ann bheith rannpháirteach in imscrúdú ar bith, d'fhéadfaí srianta tromchúiseacha bheith ag Tusla ina gcumas chun freagairt don líomhain chúlghabhálach.

Ní bhíonn feidhm leis na riachtanais tuairiscithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 ach amháin d'eolas a fuair tú mar dhuine sainordaithe nó ar éirigh tú feasach faoi ó tháinig an tAcht féin i bhfeidhm, is cuma ar tharla an díobháil roimh an tráth sin nó ina dhiaidh sin. Má bhaineann imní réasúnta duit faoi dhrochúsáid roimhe seo, mar ar tháinig an t-eolas chun d'airde roimh an Acht agus go mbaineann priacal leanúnach féideartha le leanaí, ba chóir duit é a thuairisciú le Tusla faoin *Treoir* seo.

## Díolúintí ó riachtanais chun tuairisciú

### GNÍOMHAÍOCHT GHNÉASACH CHOMHTHOILIÚIL FAOI BHUN AOISE

Is ionann aois dhlíthiúil na comhthola de réir an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 agus 17 bliain d'aois. Cé gur mídhleathach é caidreamh collaí mar a mbíonn páirtí amháin nó an bheirt pháirtithe faoi bhun 17 bliain d'aois, d'fhéadfaí nach mbreathnófaí air mar dhrochúsáid leanaí nuair a dhéantar tuairisc shainordaithe le Tusla.

Is ann do roinnt díolúintí ó ghníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil faoi bhun aoise a thuairisciú faoi alt 14(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Má bhíonn tú sásta go sásaítear na critéir seo a leanas **go léir**, ní gá duit tuairisc a thabhairt do Tusla:

- Is idir 15 agus 17 bliain d'aois é/iad an duine óg/na daoine óga
- Ní mó an difríocht aoise eatarthu ná 24 mí
- Ní bhaineann aon difríocht nithiúil idir a n-aibíocht ná a gcumas chun comhthoiliú
- Ní bhaineann imeagla ná dúshaothrú ar cheachtar duine leis an gcaidreamh idir na daoine a bhíonn páirteach sa ghníomhaíocht ghnéasach
- Maíonn na daoine óga i gceist go neamhbhalbh nach dteastaíonn uathu go nochtar aon eolas faoin ngníomhaíocht le Tusla

Ciallaíonn sé sin go hiarbhír má shásaítear na critéir thuas **go léir**, ní gá duit mar dhuine sainordaithe gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil idir déagóirí níos sine a thuairisciú mar dhrochúsáid ghnéasach le Tusla.

**Caithfidh gach duine, lena n-áirítear daoine sainordaithe, tacú leis an eochairphrionsabal gurb é leas an linbh atá in uachtar, agus má bhíonn aon imníocha agat, fiú nuair a shásaítear na critéir thuas go léir, déanann tú tuairisc le Tusla.**

### IMNÍOCHA A FORBRAÍODH LASMUIGH DE DHUALGAIS GHAIRMIÚLA

Ní bhíonn feidhm leis an oibleagáid dhlíthiúil de réir an Achta chun tuairisciú ach amháin le heolas a fhaigheann tú i gcaitheamh do shaothair nó d'fhostaíochta gairmiúla. Ní bhíonn feidhm léi d'eolas a fhaigheann tú lasmuigh de do chuid oibre, ná d'eolas a thugtar duit ar bhunús caidrimh phearsanta seachas ceann gairmiúil. Cé nach dtagann an oibleagáid dhlíthiúil chun tuairisciú aníos ach amháin i leith dualgas fostaíochta nó gairmiúil, ba chóir duit comhlíonadh le ceanglas na Treorach seo chun gach imní réasúnta a thuairisciú le Tusla.

# TUAIRISC SHAINORDAITHE A DHÉANAMH

Ní foláir faoi Alt 14 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 go dtuairiscíonn daoine sainordaithe imní shainordaithe le Tusla chomh luath agus is indéanta'. Ba cheart duit tuairisc i leith imní sainordaithe a thaisceadh le Tusla ag baint leasa as an bhfoirm thuairisce riachtanach, ar chóir duit tásc a thabhairt uirthi gur duine sainordaithe atá ionat agus go mbaineann do thuairisc faoi imní shainordaithe. Ba chóir duit an oiread eolais ábhartha agus is féidir leat a áireamh leis an tuairisc, óir go gcuideoidh sé sin leis an idirghabháil éifeachtach agus luath don leanbh, agus go bhféadfar an dóchúlacht a laghdú go gcaithfidh Tusla teagmháil a dhéanamh leatsa. Is féidir leat teacht ar an bhfoirm thuairisce agus ar na sonraí teagmhála ar láithreán gréasáin Tusla (www.tusla.ie).

Ní foláir de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 go gceapann CEO Tusla daoine údaraithe chun tuairiscí sainordaithe a fháil. Tugtar cosaint do dhuine sainordaithe a dhéanann tuairisc le duine údaraithe ón dliteanas sibhialta faoin Acht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí 1998. Is féidir an fhoirm thuairisce shainordaithe a sheoladh trí phost nó a thaisceadh go leictreonach le Tusla. Is féidir leat teacht ar shonraí faoin gcaoi chun rochtain a fháil ar fhoireann údaraithe ábhartha le Tusla ar láithreán gréasáin Tusla féin. Ní mór do dhaoine údaraithe aitheantas a thabhairt i scríbhinn do gach tuairisc shainordaithe a fhaigheann siad.

Má shíleann tú go dteastóidh idirghabháil phráinneach ón imní chun an leanbh a choinneáil sábháilte, ligeann alt 14(7) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 duit chun Tusla a chur ar an airdeall i leith na himní sula dtaisctear tuairisc scríofa. Ní foláir duit tuairisc shainordaithe a thaisceadh ansin le Tusla i leith na tuairisce laistigh de thrí lá.

**Níor chóir leanbh a fhágáil i suíomh i gcúinsí ar bith ina nochtar dóibh don díobháil ná do phriacal na díobhála ar feitheamh idirghabhála le Tusla. Má smaoiníonn tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí.**

Ba chóir go mb'fheasach duit go mb'fhéidir nach mbeidh Tusla in ann aiseolas a sholáthar i leith dhul chun cinn ná toradh an cháis. Breithneofar an t-eolas a sholáthair tú go cúramach ámh, le haon eolas eile a bhíonn ar fáil do Thusla, agus déanfar measúnacht cosanta linbh má aithnítear dóthain priacail. Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcaoi ina bpléann Tusla le himníocha a fhaightear i gCaibidil 5 den *Treoir* seo.

Ní gá duit an imní chéanna a thuairisciú níos mó ná uair amháin. Má éiríonn tú feasach faoi eolas breise ámh, ba cheart duit tuairisc breise a dhéanamh le Tusla. Ina theannta sin, ní gá duit tuairisc a dhéanamh sa chás go dtagann an t-aon bhunús do d'eolas, creideamh nó amhras díobhála mar thoradh ar fheasacht a fháil faoi dhuine sainordaithe eile a rinne tuairisc le Tusla faoin leanbh.

## Comhthuairisciú

Is mar dhuine sainordaithe ar féidir leat tuairisc a dhéanamh i gcomhar le duine ar bith eile, bíodh an duine sin ina nduine sainordaithe nó ná bíodh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin éirí aníos i gcúinsí ina nglactar le leanbh isteach chun rannóg éigeandála an ospidéil, agus go dtugann roinnt gairmithe sláinte cóireáil dóibh, nó i scoil éigin mar a mbaineann imníocha don mhúinteoir, don chúntóir sainriachtanas (SNA) agus don phríomhoide faoin leanbh céanna, agus gur mian leo comhthuairisc a dhéanamh le Tusla.

## Eolas a thabhairt don teaghlach go bhfuiltear ag déanamh tuairisce

Ní gá duit de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 an teaghlach a chur ar an eolas go bhfuiltear ag déanamh tuairisce faoin reachtaíocht le Tusla. Is é an dea-chleachtas ámh é chun a insint don teaghlach go bhfuiltear ag déanamh tuairisce agus i dtaobh na bhfáthanna don chinneadh.

Ní gá an teaghlach a chur ar an eolas go bhfuiltear ag déanamh tuairisce má chuirtear an leanbh i mbaol a thuilleadh ach é sin a dhéanamh, nó go bhféadfadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc cur isteach ar chumas Tusla chun measúnacht priacail a dhéanamh. Ní gá duit eolas a thabhairt don teaghlach freisin má chreideann tú go réasúnta gur féidir tú a chur i mbaol díobhála ón teaghlach ach é sin a dhéanamh.

## Eolas a thabhairt don fhostóir nó don duine idirchaidrimh ainmnithe

Mar chuid dá nósanna imeachta tuairiscithe um chosaint leanaí nó dá mbeartas inmheánach acmhainní daonna (HR), b'fhéidir go dteastódh ó fhostóirí go gcuirfeadh daoine sainordaithe iad ar an eolas má rinneadh tuairisc shainordaithe agus chun cóip den tuairisc a sholáthar. Ba cheart go mbeadh cur amach agat ar nósanna imeachta d'fhostóra agus go gcloífeá leo.

Bíonn duine idirchaidrimh ainmnithe freisin ag go leor eagras a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí, a fheidhmíonn mar acmhainn do bhall foirne ar bith a mbaineann imní faoi chosaint leanaí dóibh. Is iad na daoine idirchaidrimh ainmnithe a bhíonn freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta tuairiscithe i gceart agus go pras, agus feidhmíonn siad mar dhuine idirchaidrimh le gníomhaireachtaí eile. Leagtar amach tuilleadh sonraí i leith nósanna imeachta cumhdaigh d'eagrais i gCaibidil 4 den *Treoir* seo.

Bíonn oibleagáid reachtúil ort mar dhuine sainordaithe chun imníocha faoi dhíobháil a thuairisciú, ar imníocha iad a shásaíonn nó a sháraíonn an tairseach a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, go díreach le Tusla. Ní rud ar bith san Acht ámh chun tú a chosc ó thuairisc shainordaithe a dhéanamh i gcomhar le duine idirchaidrimh ainmnithe nó ó chóip a sholáthar den tuairisc shainordaithe a thaisc tú le Tusla d'fhios an duine idirchaidrimh ainmnithe.

**Ba cheart go mb'fheasach duit mar dhuine sainordaithe gurb ortsa a luíonn na hoibleagáidí dlíthiúla de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 chun imníocha a thuairisciú, agus nach luíonn siad ar an duine idirchaidrimh ainmnithe.**

## Iarmhairtí an neamhthuairiscithe

Ní ghearrtar pionóis choiriúla leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ar dhaoine sainordaithe a mhainníonn chun tuairisc a dhéanamh le Tusla. Ba chóir go mb'fheasach duit ámh go mbaineann iarmhairtí féideartha le mainneachtain chun tuairisciú. Bíonn roinnt beart riaracháin ann a bhféadfadh Tusla glacadh leo, má thagann sé aníos tar éis imscrúdaithe nach ndearna tú tuairisc shainordaithe agus gur fágadh leanbh i mbaol agus go ndearnadh díobháil dóibh dá éis sin.

Is féidir le Tusla:

- Gearán a thabhairt do Choiste Inniúlachta chun Cleachta le comhlacht rialaitheach ar ball de tú
- Eolas a thabhairt faoi do mhainneachtain chun tuairisc a dhéanamh chuig Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Ghrinnfhiosrúchán D'fhéadfaí an t-eolas sin a nochtadh dá réir do d'fhostóirí reatha nó ionchasacha nuair a dhéanfar grinnfhiosrú ort an chéad uair eile

Is amhlaidh go ginearálta a mheasann go leor fostóirí mainneachtain chun imní faoi chosaint linbh a thuairisciú mar ábhar disciplíneach. Tugtar spreagadh d'fhostóirí chun tagairtí d'oibleagáidí i ndáil leis an tuairisciú éigeantach a áireamh leis na cóid iompair agus leis na conarthaí fostaíochta do dhaoine ábhartha.

Ní foláir de réir An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis um Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil Siar) 2012 go gcaitheann duine ar bith le heolas faoi chion tromchúiseach i gcoinne linbh, óna bhféadfadh cúiseanna nó ionchúiseamh teacht an méid sin a thuairisciú leis An Garda Síochána. Is cion coiriúil é chun mainneachtain chun tuairisciú faoin Acht de réir na reachtaíochta sin. Tagann an oibleagáid sin **sa bhreis** ar aon oibleagáid faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

# CÚNAMH SAINORDAITHE

Nuair a fhaigheann Tusla tuairisc faoi dhíobháil do leanbh, baintear leas as an eolas sa tuairisc chun priacal na díobhála don leanbh sin a mheasúnú, ná d'aon leanbh eile. Ba chóir go bhfeabhsófaí cáilíocht na faisnéise a bhíonn ar fáil do Tusla leis na tuairiscí scríofa, agus ba cheart go bhfeabhsófaí dá réir an próiseas measúnachta, cé go dteastóidh ó Tusla i roinnt cásanna tuilleadh eolais ón duine a dhéanann an tuairisc. Dá fheabhas cáilíocht na tuairisce tosaigh, agus dá chuimsithí agus dá ábhartha an t-eolas a thugtar ag an gcéim sin, is é is dóichí gur féidir le Tusla glacadh le cinneadh luath agus éifeachtach faoin gcaoi chun plé le himní thuairiscthe.

Is é an gnáthchleachtadh do ghairmithe, a mbíonn teagmháil leanúnach acu le leanbh agus mar a mbíonn imní faoi dhrochúsáid fhéideartha, chun leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic le foireann oibre sóisialta Tusla chun cúnamh le cosaint an linbh. Chun tacú leis an gcleachtadh sin agus chun é a threisiú, foráiltear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 gur féidir le Tusla iarraidh ar gach duine sainordaithe chun aon chúnamh riachtanach agus comhréireach a sholáthar chun cúnamh le Tusla chun measúnacht a dhéanamh ar an bpriacal do leanbh, ag éirí as tuairisc shainordaithe. Caithfidh tú cloí leis an iarratas seo, is cuma cé a rinne an tuairisc. Glacann Tusla leis na srianta agus leis na brúnna ama ar ghairmithe eile, agus ní bhainfidh siad leas as cúnamh sainordaithe ach amháin nuair is gá agus dá mhéad agus a theastaíonn i ngach cás sonrach. Féadfar áireamh le cúnamh sainordaithe iarratas chun tuilleadh eolais a sholáthar thar an nguthán, tuairisc labhartha nó scríofa a tháirgeadh nó freastal ar chruinniú. Is féidir leat teacht ar *Tusla Tús Áite do Leanaí – Prótacal don Chúnamh Sainordaithe* ar láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie**).

Tá Tusla tiomanta chun leas leanaí a chur chun cinn. Feabhsaítear a chumas chun an méid sin a dhéanamh má shaothraíonn gach gairmí a bhíonn bainteach leis an leanbh le chéile ar mhaithe le leas an linbh. Feabhsaítear cumas Tusla chun cinntí fianaise-bhunaithe dea-cháilíochta a ghlacadh faoi leas agus/nó cosaint linbh trí chomhoibriú agus comhroinnt eolais faoi leanbh.

## Comhroinnt eolais

Ní choisctear leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 comhroinnt eolais ar bhunús réasúnta agus comhréireach chun críche na cosanta leanaí. Tá údarás ag Tusla chun eolas a chomhroinnt maidir le leanbh a thagann faoi réir measúnachta priacail le duine sainordaithe a iarradh chun cúnamh a sholáthar. Ní foláir nach gcomhroinneann Tusla ach a mbíonn éigeantach agus comhréireach i gcúinsí gach cás aonair.

Caithfidh nach gcomhroinntear an t-eolas a chomhroinneann Tusla leatsa le tríú páirtí má thugann tú cúnamh dó chun measúnacht a dhéanamh, mura measann Tusla é bheith iomchuí agus go dtugann sé údarú i scríbhinn gur féidir an t-eolas a chomhroinnt. Cloíonn sé sin leis na prionsabail den chosaint sonraí, ina n-aithnítear gur féidir eolas a chomhroinnt i gcúinsí áirithe ar mhaithe le leasanna na cosanta leanaí, ach go gcaitheann an chomhroinnt sin bheith éigeantach agus comhréireach.

Is cion é faoi Alt 17 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 duit chun eolas a nochtadh le tríú páirtí, a comhroinneadh le Tusla i gcaitheamh measúnachta, murar thug Tusla údarú scríofa duit chuige sin. Má mhainníonn tú chun cloí leis an alt sin, d'fhéadfá bheith dlite d'fhíneáil nó príosúnacht ar feadh sé mhí nó an dá rud. Is féidir an cion seo a chur i leith eagrais freisin.

### Cosaint ón dliteanas sibhialta

Más gá duit eolas a chomhroinnt le Tusla nuair a thugann tú cúnamh le measúnacht priacail do leanbh éigin, bíonn cosaint agat ón dliteanas sibhialta. Sloinntear in Alt 16(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015:

> ***'If a mandated person furnishes any information (including a report), document or thing to the Agency pursuant to a request made under subsection (1), the furnishing of that information, document or thing shall not give rise to any civil liability in contract, tort or otherwise and nor shall the information, document or thing be admissible as evidence against that person in any civil or criminal proceedings.'***



## COMHAIRLE, EOLAS AGUS OILIÚINT DO DHAOINE SAINORDAITHE

Soláthraíonn Tusla acmhainní eolais i leith na treorach agus na reachtaíochta um Thús Áite do Leanaí, lena n-áirítear modúl oiliúna reachtaíochta. Clúdaíonn an modúl ríomhfhoghlama sin, ar a dtugtar *Réamhrá do Thús Áite do Leanaí*, aithint agus tuairisciú na drochúsáide leanaí, ról na ndaoine sainordaithe, lena n-áirítear cúnamh sainordaithe, agus freagrachtaí na n-eagras a shaothraíonn le leanaí chun cumhdach a thabhairt do na leanaí a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí. Is féidir teacht ar eolas faoin gcaoi ar féidir leat rochtain a fháil ar an modúl ríomhfhoghlama ar láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie)**.

Bíonn eolas ar fáil freisin ar láithreán gréasáin Tusla chun cúnamh le d'eagras más mian leis a chuid oiliúna sonraí Tús Áite do Leanaí féin a fhorbairt (*Tusla Tús Áite do Leanaí – Prionsabail an Dea-Chleachtais d'Eagrais chun Cláir Oiliúna Tús Áite do Leanaí a Fhorbairt*). Is ar gach aon eagras a luíonn an fhreagracht chun a chinntiú go bhfaigheann a chuid foirne agus saorálaithe oiliúint leordhóthanach agus iomchuí um leas agus cosaint leanaí, chun a gcuid oibleagáidí cosanta leanaí faoin Acht a shásamh.

# CAIBIDIL 4

## Freagrachtaí na nEagras a Phléann le Leanaí agus le Daoine Óga

# AIDHM NA CAIBIDLE

Is éard is aidhm leis an gcaibidil seo ná chun cuidiú le gach eagras a shaothraíonn le leanaí agus le daoine óga chun béascna na sábháilteachta a chruthú ina gcuirtear chun cinn leas na leanaí agus na ndaoine óga a fhaigheann a gcuid seirbhísí. Soláthraíonn an chuid is mó de na heagrais seo 'seirbhísí ábhartha' faoi mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, agus beidh oibleagáidí reachtúla sonracha acu faoin Acht. Cuideoidh an chaibidil seo leis an bhfoireann agus le saorálaithe na n-eagras úd chun a gcuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Tugtar achoimre sa chaibidil freisin ar nósanna imeachta dea-chleachtais um chumhdach leanaí ar cheart do gach eagras a phléann le leanaí agus daoine óga machnamh a dhéanamh orthu. Tagann sé sin sa bhreis ar oibleagáidí reachtúla ar bith faoin Acht.

**Chun críche na caibidle seo, áirítear leis an sainmhíniú ar leanaí daoine óga suas go dtí 18 bliain d'aois.**

# OIBLEAGÁIDÍ REACHTÚLA NA SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA

Is é ceann de phríomhchuspóirí an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 ná chun a chinntiú go gcoinníonn d'eagras leanaí sábháilte ó dhíobháil nuair a fhaigheann siad do sheirbhís. Baineann an reachtaíocht agus an Treoir seo le hoibleagáidí na seirbhísí ábhartha chun díobháil nó drochúsáid d'aontoil a chosc, an oiread agus is indéanta, do na leanaí a fhaigheann a gcuid seirbhísí. Cé nach féidir gach priacal a bhaint go léir, ba chóir go gcuirfeadh d'eagras i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta chun priacal a bhainistiú agus a laghdú an oiread agus is féidir.

Cuirtear oibleagáidí sonracha leis an Acht ar eagrais chun seirbhísí a sholáthar do leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear an riachtanas chun:

- Leanaí a choinneáil **sábháilte ó dhíobháil** agus iad ag baint leas as d'eagras
- **Measúnacht priacail** a dhéanamh faoin bhféidearthacht go ndéanfaí díobháil do leanbh nó duine óg agus iad ag fáil do sheirbhísí.
- **Ráiteas um Chumhdach Leanaí** a fhorbairt ina dtugtar achoimre ar bheartais agus nósanna imeachta a bhíonn i bhfeidhm chun na priacail aitheanta a bhainistiú
- **Duine ábhartha** a cheapadh chun bheith mar an chéad phointe teagmhála i dtaca le Ráiteas an eagrais um Chumhdach Leanaí

Gearrtar spriocdhátaí sa reachtaíocht ar eagrais chun measúnacht priacail a dhéanamh agus chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú araon. Más ann do d'eagras cheana féin, ní foláir duit na riachtanais do mheasúnacht priacail agus do Ráiteas um Chumhdach Leanaí a chomhlánú laistigh de thrí mhí ó theacht i bhfeidhm na gcodanna ábhartha den Acht um Thús Áite do

Leanaí 2015. Má bhunaítear d'eagras tar éis teacht i bhfeidhm an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, ní mór duit cloí leis na ceanglais laistigh de thrí mhí ón dáta a céadchuireadh tús leis an tseirbhís.

Ní mór do sholáthraithe na seirbhíse ábhartha de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí, in alt 11(4) chun féachaint go cuí don *Treoir* seo agus d'aon treoirlínte arna n-eisiúint ag Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach maidir le ráitis um chumhdach leanaí. Is féidir teacht ar aon treoir arna heisiúint ag Tusla maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí ar a láithreán gréasáin (**www.tusla.ie**).

## Cad iad na seirbhísí ábhartha faoin Acht?

Is iad na heagrais ag a mbíonn freagrachtaí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ná cinn úd a sholáthraíonn seirbhís ábhartha do leanaí agus do dhaoine óga.

Áirítear leis na cineálacha eagras agus seirbhísí dá bhfeidhmíonn an reachtaíocht na cinn seo a leanas:

- Seirbhísí luathbhlianta
- Scoileanna agus ionaid oideachais
- Ospidéil, ospísí agus lárionaid sláinte, agus ionaid eile a sholáthraíonn seirbhísí sláinte choirp agus meabhairshláinte do leanaí
- Suíomhanna cúraim chónaithigh, lena n-áirítear ionaid chónaitheacha a sholáthraíonn cúram do leanaí le míchumais
- Aonaid chúraim speisialta
- Scoileanna coinneála leanaí
- Ionaid fáilte nó cóiríochta ar féidir leanaí ag iarraidh tearmainn cónaí iontu
- Ionaid dídine ón bhforéigean teaghlaigh ar féidir leanaí cónaí iontu
- Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann cigireacht ar sheirbhísí a sholáthraítear do leanbh
- Aon chigireacht, iniúchadh nó imscrúdú a dhéanann an tOmbudsman do Leanaí
- Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann cóireáil, teiripe nó comhairleoireacht a sholáthar do leanbh
- Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann soláthar:
  - Gníomhaíochtaí oideachasúla, taighde, oiliúna, cultúrtha, siamsaíochta, fóillíochta, sóisialta nó colanda do leanaí
  - Cúram nó maoirseacht leanaí
  - Comhairliúchán foirmiúil le, nó rannpháirteachas foirmiúil le leanbh i gcúrsaí a théann i bhfeidhm ar a mbeatha
- Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann seirbhísí comhairle nó treorach a sholáthar do leanbh
- Aon obair nó gníomhaíocht mar mhinistir, sagart nó duine éigin eile a bhíonn bainteach le cur chun cinn creidimh reiligiúnaigh ar bith
- Aon obair nó gníomhaíocht mar thiománaí, mar chúntóir do thiománaí, mar stiúrthóir nó maoirseoir leanaí ar fheithicil mar a dtaistilíonn leanaí gan tionlacan tuismitheora ná caomhnóra
- Aon obair nó gníomhaíocht mar bhall den Gharda Síochána, a bhaineann rochtain ar leanaí nó teagmháil leo lena saothar

**Ba chóir duit an liosta eagras iomlán a cheadú, ar seirbhísí iad a aicmítear mar sheirbhísí ábhartha faoin Acht chun fáil amach más seirbhís ábhartha atá i d'eagras. Is féidir teacht ar an liosta sin in Aguisín 1 den *Treoir* seo.**

Chun cáiliú mar sheirbhís ábhartha faoin Acht, caitheann an soláthraí seirbhíse duine amháin eile ar a laghad a fhostú chun an tseirbhís sin a sholáthar. Ciallaíonn sé go hiarbhír gur díolmhaithe faoin Acht iad na cineálacha gníomhaíochta agus seirbhísí a sholáthraíonn daoine a oibríonn ina n-aonar agus nach bhfostaíonn duine éigin eile (m.sh. teagascóirí a sholáthraíonn teagasc aonair nó feighlithe leanaí). Na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcaitheamh caidrimh theaghlaigh nó pearsanta chun sochair thráchtála ar bith, mar shampla seantuismitheoir a bhíonn i bhfeighil ar a ngarleanbh nó an duine a thugann síob chun na scoile do leanaí na gcomharsan; is díolmhaithe iad freisin.

## Measúnacht priacail

Ní foláir do d'eagras measúnacht priacail a dhéanamh de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 má sholáthraíonn sibh seirbhís ábhartha. Breithnítear inti sin an priacal go mbainfear díobháil do leanaí agus iad faoi chúram d'eagrais. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara gurb ionann an priacal sa chomhthéacs seo agus priacal na drochúsáide, agus nach ionann é agus priacal ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Baineann d'eagras leas ansin as an measúnacht priacail sin chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí a dhréachtú chun achoimre a thabhairt ar an gcaoi ina mbainisteofar na priacail úd.

Is cleachtadh í measúnacht priacail ina ndéanann d'eagras ar gach gné de do sheirbhís ó dhearcadh an chumhdaigh chun fáil amach an mbaineann aon chleachtais nó gné le do sheirbhís leis an gcumas chun leanaí a chur i mbaol.

Tá próiseas na measúnachta priacail ceaptha chun cur ar chumas d'eagrais chun:

- Priacail féideartha a aithint
- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt chun priacal a íoslaghdú ach freagairt ar bhealach tráthúil do phriacail féideartha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar glacadh réamhchúraimí leordhóthanacha chun na priacail sin a dhíothú nó a laghdú

### NA PRIACAIL LENA MEASÚNÚ A THUISCINT

**Sainmhínítear priacal in Alt 11(1) (a) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 mar "of any potential for harm to a child while availing of the service." Sainítear an díobháil in Alt 2 den Acht mar seo a leanas:**

> *"harm means in relation to a child –*
>
> *(a) Assault, ill-treatment or neglect of the child in a manner that seriously affects or is likely to seriously affect the child's health, development or welfare, or*
>
> *(b) Sexual abuse of the child,*
>
> *whether caused by a single act, omission or circumstance or a series or combination of acts, omissions or circumstances or otherwise."*

CHAPTER 4

## MEASÚNACHT PRIACAIL A DHÉANAMH

Ba chóir go dtabharfadh d'eagras machnamh mar chuid den phróiseas measúnaithe ar na priacail sonracha a thagann aníos mar thoradh ar an tseirbhís a sholáthraíonn tú agus ar an gcaoi inar féidir na priacail sin a bhainistiú. Is mar threoir atá na céimeanna seo a leanas sa léaráid chun cúnamh le d'eagras chun machnamh faoin áit a bhfaightear an priacal féideartha, agus faoin gcaoi ar féidir na priacail sin a bhainistiú.

**CÉIM 1**
**Sainaithint rioscaí féideartha**

- **Smaoinigh faoi cé nó cad a d'fhéadfadh bheith mar chúis do dhíobháil a dhéanamh do leanaí nó daoine óga a úsáideann do sheirbhís.**
- **Cinntigh go bhfuil gach duine sa tseirbhís, leanaí san áireamh, bainteach sa phróiseas seo. Beidh tuairimí éagsúla ag daoine éagsúla faoi cad is riosca ann.**

**CÉIM 2**
**Rangaigh gach riosca**

- **Rangaigh gach riosca i dtaobh rioscaí ísle, meánacha agus arda.**
- **Chun cabhrú le gach riosca a rangú, smaoinigh ar an dóchúlacht go dtitfeadh an riosca amach agus cé chomh tromchúiseach a d'fhéadfadh na hiarmhairtí a bheith.**

**CÉIM 3**
**Rialaigh agus bainistigh na rioscaí**

- **Cé leis an riosca? Sann úinéirí riosca.**
- **Cén rialuithe reatha atá i bhfeidhm chun an riosca a laghdú?**
- **Cén gníomhartha amach anseo ar cheart a dhéanamh chun an riosca a laghdú?**
- **Cad eile is gá duit a dhéanamh faoin riosca?**

**CÉIM 4**
**Déan monatóireacht agus athbhreithniú**

- **An bhfuil na rialuithe éifeachtach?**
- **An bhfuil na gníomhartha éifeachtach?**

Ní féidir riosca a dhíothú go hiomlán, ach féadtar rioscaí a laghdú go suntasach má dhéantar bainistíocht chuí orthu.

**I ndiaidh gur tugadh an measúnú riosca chun críche, ceanglaítear ar eagraíochtaí chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhorbairt ina dtugtar cuntas ar na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí a sainaithníodh.**

## Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Ceanglaítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ar eagraíochtaí ar soláthraithe seirbhísí ábhartha iad chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú. Ráiteas scríofa é seo ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus na prionsabail agus nósanna imeachta a bhfuil aird le tabhairt orthu lena chinntiú, a fhad agus is féidir, go bhfuil leanbh a bhfuil an tseirbhís a cur ar fáil dó/di sábháilte ó dhíobháil. Ba cheart do do sheirbhís a chinntiú go dtugtar an aird chuí i do Ráiteas um Chumhdach ar an *Treoir* seo agus aon treoirlínte um chosaint leanaí eile a d'eisigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige nó aon treoirlínte a d'eisigh Tusla maidir le ráitis um chosaint leanaí faoi alt 11(4) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

### AN MÉID BA CHEART A CHUIMSIÚ SA RÁITEAS UM CHUMHDACH LEANAÍ

Faoi mar a dtugtar cuntas air thuas, leagtar oibleagáidí san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí. Is iad na hoibleagáidí seo:

1. Leanaí a choimeád sábháilte ó dhíobháil fad a úsáideann siad an tseirbhís [alt 10]
2. Tabhairt faoi mheasúnú riosca lena shainaithint cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine óg agus úsáid á baint acu as an tseirbhís [alt 11(1)(a)] agus
3. Ráiteas um Chumhdach Leanaí [alt 11(3)] a fhorbairt, nach mór dó an measúnú riosca scríofa **agus** na nósanna imeachta a chuimsiú atá i bhfeidhm chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
   - Aon riosca a shainaithnítear a bhainistiú
   - Foireann a roghnú agus a earcú atá oiriúnach chun oibriú le leanaí
   - Faisnéis agus oiliúint a chur ar an bhfoireann faoi shaincheisteanna um chosaint agus cumhdach leanaí
   - A chur ar chumas comhaltaí foirne, cé acu más daoine faoi shainordú nó a mhalairt iad, chun tuarascáil a dhéanamh le Tusla i gcomhréir leis an Acht nó aon treoirlínte a d'eisigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige
   - Liosta daoine a choimeád san eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Act
   - Duine ábhartha a cheapadh san eagraíocht ar mhaithe le cuspóirí an Achta

Ba cheart go soláthrófaí sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí léargas ginearálta ar na bearta atá i bhfeidhm ag d'eagraíocht lena chinntiú go gcosnaítear leanaí ó dhíobháil. Ina theannta sin, féadfaidh sé tagairt do bheartais níos mionsonraithe is féidir a chur ar fáil ar iarraidh sin. Tá fáil ar chabhair bhreise chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhorbairt ar láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie**).

### AN RÁITEAS UM CHUMHDACH LEANAÍ A CHUR AR FÁIL

Ar a chríochnú, caithfidh tú an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a scaipeadh ar na comhaltaí foirne go léir. Chomh maith leis sin, caithfidh d'eagraíocht an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a thaispeáint go poiblí agus é a chur ar fáil do thuismitheoirí agus caomhnóirí, Tusla agus do mhuintir an phobail ar iarraidh sin.

Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí gach dhá bhliain, nó níos luaithe má tháinig athrú ábhartha ar aon cheann de na saincheisteanna seo dá dtagraíonn sé.

### CLÁR NEAMH-CHOMHLÍONTA

Tá foráil san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 go mbunaíonn agus go gcoimeádann Tusla clár neamhchomhlíonta do sholáthraithe seirbhíse a dteipeann orthu cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí a sholáthar do Tusla nuair a iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh. Faoin Acht, caithfidh Tusla an clár a chur ar fáil le haghaidh cigireachta ag an bpobal ag gach tráth réasúnta ag a phríomhoifig.

## NÓSANNA IMEACHTA DEA-CHLEACHTAIS A CHOSAINT DO GACH EAGRAÍOCHT

Ba cheart do gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí beartais agus nósanna imeachta sonracha a fhorbairt faoi conas timpeallacht shábháilte a chruthú. Má sholáthraíonn d'eagraíocht seirbhís ábhartha, faoi mar a liostaítear i Sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, bainfear seo amach trí do Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart go gach eagraíocht eile breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le beartais agus nósanna imeachta mionsonraithe a bheith i bhfeidhm:

- Déileáil le buarthaí um chosaint leanaí
- Buarthaí um chosaint leanaí a thuairisciú
- Oibriú go sábháilte le leanaí
- Foireann a earcú agus a bhainistiú
- Feasacht agus oiliúint ar chumhdach leanaí
- Tuismitheoirí agus leanaí a thabhairt san áireamh
- Na straitéisí cumhdaigh a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú

Más duine fásta thú atá oibriú le féin chun seirbhís a sholáthar do leanaí, ba cheart duit a chinntiú go gcloíonn do nósanna imeachta le dea-chleachtas i gcosaint leanaí.

D'ullmhaigh Tusla treoir bhreise faoi chumhdach leanaí agus buarthaí faoi leas agus cosaint leanaí a thuairisciú, a d'fhéadfadh bheith áisiúil do d'eagraíocht. Féadtar teacht air seo ar láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie**).

## Duine idirchaidrimh ainmnithe a cheapadh

Ba cheart d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon a bhfuil seirbhísí á soláthar acu do leanaí machnamh a dhéantar ar dhuine ainmnithe idirchaidrimh a cheapadh ar aon dul le dea-chleachtas i gcumhdach leanaí. Beidh an duine seo ar an duine atá freagrach as acmhainní d'aon chomhalta foirne nó oibrí deonach a bhfuil buarthaí um chosaint leanaí orthu agus déanfaidh sé/sí idirchaidreamh le gníomhaireachtaíseachtracha.Ba cheart go mbeadh cur amach ag an duine ainmnithe idirchaidrimh faoi chosaint leanaí agus ba cheart aon oiliúint a chur air/uirthi a theastaíonn chun an ról seo a chomhlíonadh.

Ba cheart duit sonraí faoi ainm agus sonraí teagmhála an duine ainmnithe idirchaidrimh a chur ar fáil don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha go léir atá ag oibriú laistigh de d'eagraíocht. B'fhéidir go mbeidh sé cabhrach, sa mhullach air sin, chun leas-duine ainmnithe idirchaidrimh a cheapadh a ghlacfaidh an fhreagracht nuair nach bhfuil an duine ainmnithe idirchaidrimh ar fáil nó nuair a bhíonn sé/sí ar saoire.

### RÓL AN DUINE IDIRCHAIDRIMH AINMNITHE

Tá an duine idirchaidrimh ainmnithe freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta tuairiscithe laistigh de d'eagraíocht, d'fhonn go gcuirtear buarthaí faoi leas agus cosaint leanaí faoi bhráid Tusla gan mhoill. Is féidir teacht ar shonraí faoin méid atá i gceist le buairt réasúnta agus conas an bhuairt sin a chur in iúl do Tusla i gCaibidil 2 den *Treoir* seo. Ba cheart don duine idirchaidrimh ainmnithe gach buairt nó líomhain a bhaineann le mí-úsáid leanaí a cuireadh ar a (h)aird, agus na gníomhartha faoinar tugadh maidir le buairt no líomhain i leith mí-úsáid leanaí a chur i dtaifead.

Má dhéanann tú an cinneadh, mar dhuine idirchaidrimh ainmnithe, gan buairt a thuairisciú le Tusla, ba cheart tabhairt faoi na céimeanna seo a leanas:

- Ba cheart na cúiseanna gan tuairisciú a dhéanamh a chur i dtaifead
- Ba cheart aon ghníomhartha faoinar tugadh mar thoradh ar an mbuairt a chur i dtaifead
- Ba cheart míniú soiléir a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a thug an bhuairt chun solais ar na cúiseanna nach bhfuil an bhuairt á tabhairt le fios do Tusla
- Ba cheart an fostaí nó an t-oibrí deonach a chur ar an eolas, má bhíonn siad buartha go fóill faon gcás, is fúthu atá sé chun tuairisc a dhéanamh le Tusla nó leis an nGarda Síochána

### DAOINE IDIRCHAIDRIMH AINMNITHE AGUS DAOINE SAINORDAITHE

Beidh roinnt daoine idirchaidrimh ainmnithe ag oibriú in eagraíochtaí ina bhfuil daoine faoi shainordú fostaithe, chomh maith. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór don duine faoi shainordú an oibleagáid a chomhlíonadh atá ar dhaoine faoi shainordú chun tuairisciú a dhéanamh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus ní féidir leis an duine idirchaidrimh ainmnithe an oibleagáid a chomhlíonadh thar a gceann.

Más duine faoi shainordú thú agus má tá ról duine idirchaidrimh ainmnithe agat i d'eagraíocht, caithfidh tú oibleagáidí reachtúla duine faoi shainordú a chomhlíonadh, faoi mar a shonraítear i gCaibidil 3. Ciallaíonn seo má chuirtear ar an eolas thú, mar dhuine ainmnithe idirchaidrimh, ar bhuairt faoi leanbh a bhaineann na tairseacha díobhála amach nó a sháraíonn iad le haghaidh tuairisciú faoi shainordú, tá oibleagáid reachtúil ort chun tuairisc a dhéanamh le Tusla a eascraíonn o do staid mar dhuine faoi shainordú.

Cé go mb'fhéidir go bhfuil oibleagáidí reachtúla ar dhaoine faoi shainordú chun buarthaí faoin shainordú a thuairisciú, féadfaidh siad tuarascáil a dhéanamh i dteannta a chéile le duine eile, cé acu an daoine faoi shainordú nó a mhalairt, an duine eile. Go héifeachtach, ciallaíonn seo gur féidir le duine faoi shainordú comhthuarascáil a dhéanamh le duine idirchaidrimh ainmnithe.

## Imní faoi leanbh a thuairisciú

Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach eagraíocht chun aon bhuarthaí a thuairisciú faoi leas nó cosaint linbh a thagann chun solais. Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta ar fáil agus go gcloíonn na comhaltaí foirne, oibrithe deonacha, agus daoine aonair go léir atá ag tabhairt faoi thaithí oibre nó intéirneachtaí laistigh de d'eagraíocht.

Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas leis na nósanna imeachta do d'fhoireann agus oibrithe deonacha maidir le buarthaí a thuairisciú:

- **Comhairle agus treoir a lorg:** Cathain is ceart comhairle agus treoir a lorg ón duine idirchaidrimh ainmnithe nó Tusla sa chás nach bhfuil duine cinnte faoi cé acu buairt faoi leanbh a gcuirtear do sheirbhís ar fáil dó/di a thuairisciú.
- **Forais réasúnta le bheith buartha:** An fhreagracht atá ar fhoireann agus oibrithe deonacha chun tuairisciú le Tusla agus úsáid a baint as an bhFoirm Thuairisce (atá ar fáil ar láithreán gréasáin Tusla: www.tusla.ie) sa chás gurb ann d'fhorais réasúnta le bheith buartha. Is féidir teacht ar shonraí breise ar bhuarthaí réasúnta a thuairisciú i gCaibidil 2 den *Treoir* seo.
- **Conas buairt a thuairisciú:** Nósanna imeachta do dhaoine nach bhfuil faoi shainordú agus atá faoi shainordú agus sonraí teagmhála d'aon duine idirchaidrimh ainmnithe, más infheidhme, laistigh de d'eagraíocht.
- **Riosca láithreach i leith linbh**: Na bearta atá le dul ina mbun sa chás go gcreidtear gurb ann do riosca láithreach i leith linbh.
- **Cur i dtaifead:** Tá treoir maidir le conas atá na sonraí faon mbuairt agus na gníomhartha a ndeachthas ina mbun le cur i dtaifead.

- **Labhairt le tuismitheoirí/caomhnóirí:** An próiseas chun plé a dhéanamh ar bhuairt le tuismitheoirí/caomhnóirí sula gcuirtear an bhuairt i dtaifead agus na cúinsí nach moltar seo a dhéanamh, mar gheall go bhféadfadh sé baol ní ba mhó a chruthú don leanbh nó don duine a dhéanann an tuairisc. Ní gá duit an teaghlach a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh, dá gcruthófaí baol ní ba mhó don leanbh dá ndéanfaí amhlaidh nó i gcásanna ina bhféadfaí baint de chumas Tusla chun tabhairt faoi mheasúnú dá gcuirfí an teaghlach ar an eolas ar an tuairisc. Chomh maith leis sin, ní gá an teaghlach a chur ar an eolas má chreideann an duine a dhéanann an tuairisc go réasúnta go bhféadfadh sé iad a chur i mbaol ón teaghlach.
- **Cásanna nár cuireadh Tusla ar an eolas fúthu:** An próiseas chun na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh agus aon ghníomhartha a ndeachthas ina mbun a chur i dtaifead.
- **Faisnéis do dhaoine faoi shainordú:** Máfhostaíonn d’eagraíocht daoine faoi shainordú, ba cheart go luafaí go soiléir i do nós imeachta tuairiscithe nach mór do dhaoine faoi shainordú buarthaí i leith díobhála a thabhairt le fios os cionn tairseach ar leith faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Mol dóibh Caibidil 3 den Treoir seo a léamh chun teacht ar bhreis faisnéise. Ina theannta sin, ba cheart go sonrófaí (a) cé acu an bhfuil nó nach súil leis go ndéanann daoine faoi shainordú a dtuairisc le chéile leis an duine idirchaidrimh ainmnithe agus (b) cé acu ar cheart nó nár cheart do dhaoine faoi shainordú cóip a sholáthar dá dtuairisc shainordaithe dá bhfostóir.

## Grinnfhiosrúchán

Leagtar oibleagáidí reachtúla amach atá ar fhostóirí maidir riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do dhaoine a oibríonn le leanaí agus daoine fásta leochaileacha sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016. Faoi na hAchtanna seo, tá sé éigeantach go dtugtar nochtadh grinnfhiosrúcháin d’fhostóirí maidir le duine ar bith atá ag tabhairt faoi obair ábhartha le leanaí nó daoine fásta leochaileacha. Cruthaítear cionta agus pionóis san Acht do dhaoine a dteipeanna orthu forálacha an Achta a chomhlíonadh. Ba cheart do d’eagraíocht a chinntiú go gcomhlíonann sí gach ceanglas de chuid na reachtaíochta seo go hiomlán.

Eisíonn Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúchánan Gharda Síochána nochtadh grinnfhiosrúcháin d’eagraíochtaí a fhostaíonn daoine a oibríonn ar bhonn socrúchán lánaimseartha, páirtaimseartha, deonach nó mac léinn le leanaí agus/nó le daoine fásta leochaileacha. Ní dhéanann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin cinneadh ar oiriúnacht aon duine chun oibriú le leanaí agus daoine fásta leochaileacha. Ina ionad sin, mar fhreagairt d’iarraidh scríofa ar ghrinnfhiosrúchán, scaoileann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin le stair choiriúil agus le faisnéis shonraithe eile faoin duine a bhfuil grinnfhiosrúchán le déanamh air/uirthi leis an eagraíocht ionchasach earcaíochta.

**Faoin eagraíocht earcaíochta a bhíonn sé ag gach tráth chun cinntí a dhéanamh faoi oiriúnacht le haghaidh earcaíochta agus níor cheart go mbeadh ach cuid amháin den chinneadh earcaíochta i gceist le torthaí an ghrinnfhiosrúcháin.**

## Comhairle, eolas agus oiliúint d'fhoireann agus do shaorálaithe eagras

Tá d'eagraíocht freagrach as a shainaithint cén oiliúint a theastaíonn ó d'fhoireann agus oibrithe deonacha lena chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis agus an oiliúint leordhóthanach agus chuí ar fáil dóibh. Ba cheart do d'eagraíocht faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar do gach comhalta foirne agus oibrí deonach maidir le buarthaí faoi chosaint agus leas leanaí a aithint agus a thuairisciú. Anuas air sin, ba cheart go n-áireofaí leis an oiliúint faisnéis shoiléir faoi ról na ngníomhaireachtaí reachtúla atá freagrach go príomha as cosaint agus leas leanaí, ina measc, Tusla agus an Garda Síochána.

Má tá fostaithe i d'eagraíocht ar daoine faoi shainordú iad faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ba cheart duit a chinntiú, chomh maith leis sin, go gcuirtear oiliúint shonrach ar fhreagrachtaí na ndaoine faoi shainordú faoin Acht ar fáil dóibh.

Má tá duine idirchaidrimh ainmnithe nó leas-duine ainmnithe idirchaidrimhag d'eagraíocht, ba cheart duit a chinntiú go gcuirtear faisnéis agus oiliúint leordhóthanach ar chosaint agus leas leanaí ar fáil dóibh lena chur ar a gcumas chun tabhairt faoin ról seo.

Soláthraíonn Tusla acmhainní faisnéise faoi Thús Áite do Leanaí, maidir le ráitis um chumhdach leanaí agus buarthaí faoi leas agus cosaint leanaí a thuairisciú. Ina theannta sin, d'fhorbair Tusla modúl oiliúna ríomhfhoghlama, *Tús Eolais ar Tús Áite do Leanaí*, a chumhdaíonn mí-úsáid leanaí a aithint agus a thuairisciú, ról daoine faoi shainordú, cúntóireacht faoi shainordú, freagrachtaí eagraíochtaí a oibríonn le leanaí chun leanaí a chosaint, agus leas á bhaint as a seirbhísí, agus ról duine idirchaidrimh ainmnithe. Féadfaidh tú teacht ar thrí mhodúl foghlama agus acmhainní eile de chuid Tusla trí láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie**).

Tá faisnéis ar fáil, chomh maith, ar láithreán gréasáin Tusla chun cabhrú le d'eagraíocht más mian léi a hoiliúint féin shonrach um Thús Áite do Leanaí a fhorbairt (*Tusla Tús Áite do Leanaí – Prionsabail Dea-Chleachtais d' Eagraíochtaí chun Cláir Oiliúna um Thús Áite do Leanaí*) a Fhorbairt).

# CAIBIDIL 5

Plé le himní faoi Leanbh: Tusla agus an Garda Síochána

# AIDHM NA CAIBIDLE

Is iad na comhlachtaí reachtúla ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as leas agus cosaint leanaí Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus an Garda Síochána. Tá feidhmeanna, cumhachtaí agus modhanna oibre ar leith ag Tusla agus na Gardaí. Déantar cur síos sa chaibidil seo ar ról gach eagraíocht maidir le leas agus cosaint leanaí agus tugtar cuntas ar an méid a tharlaíonn nuair a chuirtear Tusla ar an eolas faoi bhuairt faoi leanbh.

Cé gur cheart go mbeadh an próiseas lena mbaineann leas agus cosaint leanaí soiléir do ghairmithe, tharlódh nach dtuigfeadh teaghlaigh é ar an mbealach céanna. Is minic go mbraitheann siad imeaglú nó b'fhéidir nach dtuigeann siad an méid a tharlóidh nuair a dhéantar tuairisc le Tusla. Cabhróidh an fhaisnéis sa chaibidil seo le gairmithe, a thuairiscíonn buarthaí agus a dhéanann teagmháil le teaghlaigh, chun na bearta dóchúla a mhíniú a bhfuil ar Tusla dul ina mbun nuair a dhéantar measúnú ar thuairisc faoi leanbh. Cabhróidh seo, ar a uain sin, leo chun tacú leis an teaghlach, faoi mar is cuí, tríd an bpróiseas.

# TUSLA - AN GHNÍOMHAIREACHT UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH

An 1 Eanáir 2014, rinneadh aonán dlíthiúil de Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Rinne sé codanna de thrí iarchomhlacht reachtúla a chumasc: Seirbhísí do Leanaí agus don Teaghlach, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, agus an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais. Ta freagracht ar Tusla as seirbhísí leasa agus cosanta leanaí, tacaíocht teaghlaigh, leas oideachais agus as réimse seirbhísí eile, ina measc siúd a bhaineann le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe.

Is iad príomhfheidhmeanna Tusla, faoi mar a leagtar amach san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le forbairt, leas agus cosaint of leanaí, agus le feidhmiú éifeachtach teaghlach agus iad a chur chun cinn.
- Cúram agus cosaint a chur ar fáil do leanaí faoi chúinsí nach raibh, nó sa chás gur mídhóchúil go raibh, a dtuismitheoirí in ann an cúram sin a sholáthar a theastaíonn ó leanbh. Chun na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, ceanglaítear ar Tusla chun na seirbhísí a choimeád agus a fhorbairt a theastaíonn chun na tacaíochtaí seo a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh, agus seirbhísí áirithe a sholáthar ar mhaithe le leas síceolaíoch leanaí agus a dteaghlach.
- Bheith freagrach as a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát ar scoil nó go gcuirtear oideachas orthu, ar bhealach eile, agus seirbhísí leasa oideachais a sholáthar chun tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí san oideachas.

- A chinntiú go dtreoraíonn sárleasannaan linbh gach cinneadh a dhéanann difear do leanaí aonair.
- Dul i gcomhairle le leanaí agus le teaghlaigh chun cabhrú le beartais agus seirbhísí Tusla a mhúnlú.
- Comhoibriú idirghníomhaireachta a threisiú d'fhonn seirbhísí gan uaim a chinntiú a fhreagraíonn do riachtanais.
- Tabhairt faoi thaighde a baineann lena fheidhmeanna, agus faisnéis agus comhairle a sholáthar don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi na feidhmeanna siúd.
- Seirbhísí do leanaí agus an teaghlach a choimisiúnú.

Is é ról sonrach Tusla chun leas leanaí a chur chun cinn ar baol dóibh nach gcuirfear cúram agus cosaint leordhóthanach ar fáil dóibh. Faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, tá oibleagáid ar Tusla chun faisnéis a chomhordú ó gach foinse ábhartha faoi leanbh a bhféadfadh nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á bhfáil aigei/aici. Má dheimhnítear nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á bhfáil ag leanbh, tá dualgas ar Tusla chun dul i mbun an ghnímh chuí chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh leis seo, tacú le teaghlaigh óna dteastaíonn cabhair chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí.

Glactar leis, gur fearr a éiríonn le leanbh, go ginearálta, ina t(h)eaghlach féin. Más féidir, ar chor ar bith, cuirfear tacaíocht ar fáil don leanbh agus don teaghlach chun aon deacrachtaí a shárú agus lena chinntiú go bhfuil an leanbh sábháilte. Ní bhaintear leanbh óna t(h)eaghlach ach mar rogha dheiridh, agus ach amháin mura féidir an leanbh a choimeád sábháilte laistigh de shuíomh an teaghlaigh. Le cúnamh ó sheirbhísí tacaíochta pobail nó teaghlaigh, is féidir le tromlach na dteaghlach na hathruithe riachtanacha a dhéanamh le sábháilteacht a linbh a chinntiú, agus ní theastóidh idirghabháil oibre sóisialta uathu.

# AN GARDA SÍOCHÁNA

Tá an bhaint a bhíonn ag an nGarda Síochána i gcásanna ina líomhnaítear mí-úsáid agus faillí ar leanaí bunaithe ar an bpríomhfhreagracht atá air chun an pobal a chosaint agus chun an dlí a chur ar chiontóirí. Sa chás go bhfuiltear in amhras go ndearnadh coir, tá freagracht fhoriomlán ar an nGarda Síochána as tabhairt faoi aon imscrúdú coiriúil. Is é feidhm an Gharda Síochána chun agallamh a chur ar agus aon ráitis a ghlacadh a chruthóidh cuid den chomhad imscrúdaithe choiriúil.

Is é ról an Gharda Síochána chun imscrúdú a dhéanamh ar choireanna líomhnaithe agus is é freagracht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP) chun cinneadh a dhéanamh ar ionchúisimh agus tabhairt fúthu.

Eisíonn Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána nochtadh grinnfhiosrúcháin d'eagraíochtaí a fhostaíonn daoine a oibríonn ar bhonn socrúchán lánaimseartha, páirtaimseartha, deonach nó mac léinn le leanaí agus/nó le daoine fásta leochaileacha. **Ní** dhéanann an Biúró Náisiúnta

Grinnfhiosrúcháin cinneadh ar oiriúnacht aon duine chun oibriú le leanaí agus daoine fásta leochaileacha. Ina ionad sin, mar fhreagairt d'iarratas scríofa ar ghrinnfhiosrúchán, scaoileann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin le stair choiriúil agus le faisnéis shonraithe eile faoin duine a bhfuil grinnfhiosrúchán le déanamh air/uirthi leis an eagraíocht ionchasach earcaíochta. Faoin eagraíocht earcaíochta a bhíonn sé ag gach tráth chun cinntí a dhéanamh faoi oiriúnacht le haghaidh earcaíochta, agus níor cheart go mbeadh ach cuid amháin den chinneadh earcaíochta i gceist le torthaí an ghrinnfhiosrúcháin.

Leagtar oibleagáidí reachtúla amach atá ar fhostóirí maidir riachtanais grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do dhaoine a oibríonn le leanaí agus daoine fásta leochaileacha sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016.

## COMHSHAOTHRÚ IDIR TUSLA AGUS AN GARDA SÍOCHÁNA

Cruthaíonn comhoibriú idir Tusla agus an Garda Síochána cuid lárnach den tseirbhís chosanta agus leasa leanaí. Má bhíonn amhras ar Tusla go ndearnadh coir agus go ndearnadh faillí thoiliúil ar leanbh nó gur baineadh mí-úsáid fhisiciúil nó ghnéasach as/aisti, cuirfidh sé na Gardaí ar an eolas go foirmiúil. I dtaobh mí-úsáid a bhaint as agus faillí a dhéanamh ar leanaí, díríonn an Garda Síochána go sonrach ar bheatha a chaomhnú; seasamh le cearta daonna gach duine aonair; agus cosc a chur ar agus imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla agus iad a bhrath. Ar bhonn an imscrúdaithe, féadfaidh an Garda Síochána comhad a ullmhú don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanfaidh cinneadh ar cé acu chun ionchúiseamh a thosú nó gan é a thosú.

Sa chás go bhfuil riosca láithreach i leith linbh, oibreoidh Tusla agus an Garda Síochána le chéile lena chinntiú sábháilteacht an linbh. Má tá forais réasúnta ag comhalta den Gharda Síochána lena chreidiúint gurb ann do riosca láithreach agus tromchúiseach i leith sláinte nó leas linbh, agus nár dhóthanach go mbeadh ar chosaint an linbh sin fanacht le hiarratas a dhéanamh ar ordú cúraim éigeandála ag Tusla, féadfaidh siad, faoi alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, an leanbh a bhaint ó chontúirt agus iad a thabhairt chuig áit sábháilteachta. Ansin cuirtear an leanbh faoi chúram Tusla a luaithe agus is féidir. Soláthraíonn seirbhís éigeandála oibre sóisialta lasmuigh d'uaireanta comhairliúchán agus comhairle faoi obair shóisialta do na Gardaí. Bíonn rochtain ag na Gardaí ar oibrí sóisialta ar glaodhualgas agus ar shocrúcháin do leanaí a dteastaíonn siad uathu, mar gheall ar an riosca láithreach atá i leith a sábháilteachta. Tá líonra cúramóirí altrama éigeandála ag Tusla atá ar fáil chun glacadh le leanbh a baineadh óna dteaghlach i gcás éigeandála.

Má chuirtear na Gardaí ar an eolas, i gcaitheamh a ndualgas, ar bhuairt faoi leas agus cosaint leanaí, ba cheart í a thuairisciú go foirmiúil do Tusla. Mar gheall gur daoine faoi shainordú iad comhaltaí an Gharda Síochána faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, má bhaineann an bhuairt an tairseach bhuartha faoi shainordú amach nó má sháraíonn sí í, ba cheart seo a thabhairt le fios do Tusla, faoi mar a dtugtar cuntas air i gCaibidil 3 den *Treoir* seo.

Tá prótacal (*Tusla agus an Garda Síochána Tús Áite do Leanaí – Comh-Phrótacal Oibre d'Idirchaidreamh idir an dá Ghníomhaireacht*) i bhfeidhm idir an dá ghníomhaireacht ina sonraítear conas a chomhoibríonn agus a idirghníomhaíonn siad lena chéile nuair a dhéileáltar le buarthaí faoi leas agus cosaint leanaí. Cumhdaíonn an prótacal seo go sonrach an chumarsáid fhoirmiúil a theastaíonn idir an dá ghníomhaireacht faoi bhuarthaí faoi leas nó cosaint leanaí a thugtar le fios, agus taifid a choimeád faoi chomhoibriú agus cinntí a chur i dtaifead. Is féidir leat teacht ar an bprótacal seo ar láithreáin ghréasáin an dá ghníomhaireacht (**www.tusla.ie** and **www.garda.ie**).

## Comh-shainagallaimh

Tugtar faoi chomh-shainagallaimh i gcásanna ina measann na Gardaí agus Tusla araon gur gá sin a dhéanamh. Tá comhfhreagracht ar Tusla agus an Garda Síochána lena chinntiú go gcuirtear sainoiliúint agallóra ar fhoireann Tusla agus ar chomhaltaí an Gharda Síochána a bhfuil baint acu i gcomhimscrúdú a dhéanamh ar chásanna leasa agus cosanta leanaí agus in idirghabháil ina dhiaidh sin. Is í aidhm na hoiliúna seo chun saineolas speisialtóra a fhorbairt in agallamh a chur ar leanaí a bhféadfadh gur baineadh mí-úsáid astu. Anuas air sin, cuirfidh sé ar chumas comhaltaí gach seirbhíse chun tuiscint iomlán a fháil ar ról agus freagrachtaí a chéile agus chun foghlaim conas oibriú go comhoibritheach. Aithnítear comhoibriú idir seirbhísí oibre sóisialta agus póilíneachta a bhfuil baint acu in imscrúdú a dhéanamh ar mhí-úsáid leanaí go hidirnáisiúnta mar eispéireas imscrúdaithe nach bhfuil chomh trámach céanna agus torthaí níos fearr a sholáthar do leanaí sa chás go mbíonn cúram coiriúil agus sóisialta á soláthar i gcomhthráth.

# CÉARD A THARLAÍONN TAR ÉIS D'IMNÍ BHEITH TUAIRISCITHE?

Tá an phríomhfhreagracht as cúram agus cosaint leanaí ar a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Níl roinnt tuismitheoirí/caomhnóirí in ann cúram leordhóthanach a sholáthar dá leanaí ar réimse cúiseanna agus teastaíonn cabhair agus tacaíocht ó na teaghlaigh seo. Féadfaidh luath-idirghabháil ag seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, nuair a shainaithnítear riachtanais neamhchomhlíonta, cabhrú chun cosc a chur ar aon mheath teacht ar dheacrachtaí reatha an teaghlaigh. D'fhéadfadh sé cabhrú, chomh maith, chun na tosca dearfacha a spreagadh atá i bhfeidhm cheana féin sa teaghlach.

Oibríonn Tusla trí fhoirne dualgais d'oibrithe sóisialta a gcuirtear tuairiscí um chosaint leanaí faoina mbráid, a dhéanann measúnú ar agus a thugann tús áite d'atreoruithe agus a sholáthraíonn idirghabháil do leanaí agus dá dteaghlaigh. Déileálann gach foireann leis na buarthaí a thagann chun solais ina gceantar tíreolaíochta ar leith trí thagairt a dhéanamh do sheoladh baile an linbh. Is féidir leat teacht ar shonraí teagmhála le haghaidh gach foirne ar láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie**).

Seo a leanas cur síos ar an bpróiseas ginearálta faoina dtugann Tusla nuair a dhéileáiltear le buairt faoi leanbh a thugtar le fios. Cuirtear tús leis ag an bpointe ina dtugtar buairt le fios, agus leantar ar aghaidh, ina dhiaidh sin le measúnú a dhéanamh ar cén leibhéal buartha atá i gceist, agus atreoraítear an leanbh agus an teaghlach chuig na seirbhísí cuí, dá éis sin. Is féidir teacht ar léaráid mhionsonraithe ar an bpróiseas leasa leanaí nó an próiseas trína ngabhann buairt faoi chosaint a chuirtear in iúl do Tusla in **Aguisín 4**.

## Fáil na himní

Cuirtear buarthaí in iúl do Tusla i bpearsan, ar an nguthán, ar ríomhphost nó i scríbhinn. Is é an chéad rud ar a mbreithnítear faoi atreorú ná sábháilteacht láithreach an linbh. Caitheann oibrithe sóisialta Tusla a gcuirtear buairt in iúl dóibh le buarthaí faoi leas agus cosaint leanaí mar ábhar tromchúiseach, is cuma cén fhoinse a bhíonn acu. Déanann Tusla athbhreithniú ar thuairiscí cinneadh a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad oiriúnach do sheirbhísí leasa agus cosanta Tusla agus, má tá, cén idirghabháil atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais an linbh agus a dteaghlaigh.

Mura n-oireann an bhuairt do sheirbhísí leasa agus cosanta Tusla, tabharfaidh Tusla faisnéis agus comhairle faoi na bealaí is cuí chun dul i ngleic le riachtanais an linbh agus a dteaghlaigh.

## Ceaduithe tosaigh

Nuair a dhéantar rud éigin a thuairisciú, seiceálfaidh oibrí sóisialta lena fheiceáil an ann do thaifead ar aon teagmháil a rinneadh roimhe seo le teaghlach an linbh. Anuas air sin, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh le gairmithe eile (ar nós an dochtúra ghinearálta, an mhúinteora, an altra sláinte poiblí, an teiripeora urlabhra agus teanga, an oibrí cúraim leanaí, an oibrí tacaíochta teaghlaigh, an tsíceolaí) lena dheimhniú an bhfuil aon bhuarthaí orthu faoin leanbh seo. Is é aidhm an phróisis seo chun cabhrú leis an oibrí sóisialta tuiscint a fháil ar stair agus cúinsí an linbh, riachtanais nár freastalaíodh orthu a shainaithint, agus a dheimhniú an ann do riosca go ndéanfar díobháil don leanbh. Cuirfidh seo ar chumas an oibrí shóisialta cinneadh a dhéanamh faoin bhfreagairt is cuí.

Mura dtagtar ar aon bhuarthaí faoi chosaint nó leas leanaí, cuirtear an fhaisnéis a bailíodh i dtaifead agus coimeádtar í i gcomhad rúnda. Is féidir le hoibrithe sóisialta Tusla an comhad seo a athbhreithniú má thagann buarthaí breise aníos nó má thagann faisnéis bhreise chun solais. Má thagtar ar bhuarthaí i ndiaidh na seiceálacha tosaigh, tabharfar faoi mheasúnú breise, measúnú ina measc ar gach gné de chúinsí an linbh agus an teaghlaigh chun aon idirghabháil riachtanach a shainaithint. Ag brath ar an leibhéal riachtanais nó riosca i leith mí-úsáide a shainaithnítear, is gnách go mbeidh seirbhísí tacaíochta teaghlaigh nó idirghabháil fhoirmiúil oibre sóisialta i gceist le hidirghabháil, go ginearálta.


## Measúnú oibre sóisialta i leith imní

Má dhéantar an cinneadh go dteastaíonn measúnú, déanfaidh an t-oibrí sóisialta teagmháil leis an teaghlach chun a gcomhoibriú a iarraidh chun tabhairt faoi scrúdú ar riachtanais an linbh agus an teaghlaigh. Is é an cuspóir chun oibriú i gcomhoibriú le tuismitheoirí nó caomhnóirí chun na tacaíochtaí nó idirghabháil chuí a dheimhniú sábháilteacht agus leas an linbh a chinntiú.

Tá roinnt torthaí féideartha ann ar mheasúnú an oibrí shóisialta:

- Dúntar an cás ar Tusla. Mar shampla, ní oireann sé do sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí Tusla nó níor thángthas ar aon riachtanas nár freastalaíodh air nó aon riosca i leith an linbh. Sa chás gur cuí, is féidir an cás a atreorú chuig seirbhís tacaíochta nó sainseirbhís eile nach oibríonn Tusla (m.sh. seirbhísí meabhairshláinte nó míchumais).
- Is féidir leis an oibrí sóisialta seirbhís tacaíochta teaghlaigh a thosú má thugann thugtar le fios sa mheasúnú go bhfuil riachtanais nár freastalaíodh orthu ag an leanbh, ach nach bhfuil riosca díobhála ina leith. Soláthraíonn agus oibríonn Tusla le réimse seirbhís tacaíochta pobalbhunaithe a sholáthraíonn tacaíochtaí praiticiúla do leanaí agus tuismitheoirí.
- Deimhnítear go bhfuil riachtanais ag an leanbh óna dteastaíonn freagairt agus idirghabháil atá faoi stiúir obair shóisialta Tusla.
- Is ann do bhuairt faoi mhí-úsáid leanaí buairt óna dteastaíonn freagairt agus idirghabháil oibre sóisialta um chosaint leanaí ag Tusla. Sa chás go meastar gurb ionann an díobháil agus drochídeach, cuirtear an bhuairt in iúl do na Gardaí. Féadtar Comhdháil um Chosaint Leanaí a shocrú agus féadtar an leanbh a liostú ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí.

**Freagairt Tusla do bhuairt:**



## Imní óna dteastaíonn seirbhísí tacaíochta teaghlaigh

Ní bhainfidh go leor tuairiscí a dhéantar le Tusla le riosca um chosaint leanaí i leith an linbh, ach tabharfaidh sé le fios go dteastaíonn cabhair ó na tuismitheoirí/caomhnóirí mar gheall nach bhfuiltear ag freastal go leordhóthanach ar riachtanais linbh. Tá réimse gairmithe ag Tusla a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh. Áirítear leo oibrithe tacaíochta teaghlaigh, oibrithe sóisialta, teiripeoirí teaghlaigh, foireann chúraim shóisialta, teiripeoirí súgartha agus oibrithe óige. Cabhraíonn na gairmithe seo le teaghlaigh oibriú trí shaincheisteanna deacra, a chinntiú go bhfuil timpeallacht chobhsaí ag leanaí le cónaí inti, agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí atá ag sracadh leo.

Sa chás go dtagann an bhuairt a tugadh le fios faoin tairseach le haghaidh idirghabháil um chosaint leanaí ag Tusla, ach b'fhéidir go rachadh seirbhísí eile chun sochair an an teaghlaigh, féadtar Plean Leasa Leanaí/Tacaíochta Teaghlaigh a chur le chéile. Tabharfar cuntas ann seo ar na bearta a bhfuiltear le tabhairt fúthu chun tacú leis an leanbh agus an teaghlach. Is éard a d'fhéadfadh bheith i gceist leis ná cabhrú leis an tuismitheoir trí obair dhíreach duine ar dhuine, samhaltú agus cúnamh tuismitheora, clár súgartha nó tar éis am scoile don leanbh, nó tacaíocht phraiticiúil, ar nós cabhair baile a shocrú nó duine a atreorú go ndéanfar na measúnuithe cuí orthu. D'fhéadfaí a áireamh leis seo measúnú síceolaíoch nó síciatrach a dhéanamh ar an leanbh agus/nó an tuismitheoir i dtaobh fadhbanna meabhairshláinte nó andúile.

## Imní óna dteastaíonn idirghabháil cosanta leanaí

Sa chás go sainaithnítear buarthaí tromchúiseacha faoi riosca leanúnach i leith díobháil shuntasach i rith an mheasúnaithe agus na hidirghabhála, nó sa chás go bhfuil buarthaí ar oibrí sóisialta nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh faoin bPlean Leasa Leanaí/Tacaíochta Teaghlaigh, ullmhaítear plean gnímh. Déantar seo trí dhul i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus na gairmithe cuí chun leas agus sábháilteacht an linbh a chosaint. Cuirfear Comhdháil um Chosaint Leanaí ar bun chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu an gá nó nach gá ainm an linbh a chur in airde ar **an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí (CPNS)** agus, má chuirfear, chun comhaontú a dhéanamh ar **Phlean um Chosaint Leanaí**. Go ginearálta, tugtar cuireadh do thuismitheoirí chun freastal ar an gComhdháil um Chosaint Leanaí, murab ann do bhuarthaí go gcruthófaí baol breise don leanbh trí amhlaidh a dhéanamh.

### CÓRAS FÓGARTHA UM CHOSAINT LEANAÍ

Bunachar sonraí slán is ea an Córas Fógartha um Chosaint Leanaí (CPNS) ina gcuimsítear taifead ar na leanaí go léir a bhain an tairseach amach ag a bhfuil riosca leanúnach ina leith go ndéanfar díobháil shuntasach dóibh agus ag a bhfuiltear buartha go leanúnach faoi chosaint an linbh. Tá liosta ann chun cabhrú le grúpa beag de ghairmithe ábhartha chun cinntí a dhéanamh faoi shábháilteacht linbh. Níl rochtain ar an CPNS ach ag oibrithe sóisialta Tusla, comhaltaí an Gharda Síochána, dochtúirí ginearálta lasmuigh d'uaireanta agus

foireann leighis, oibre sóisialta nó altranais. Más tuismitheoir thú, tabharfar fógra duit má tá ainm do linbh ar an CPNS. Nuair a chinntear nach bhfuil riosca leanúnach i leith do linbh a thuilleadh, athrófar taifead do linbh ó gníomhach go dtí éighníomhach.

## PLEAN UM CHOSAINT LEANAÍ

Baineann an Plean um Chosaint Leanaí leis na leanaí siúd atá liostaithe ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí. Liosta é de ghníomhartha a chabhraíonn leis an riosca i leith díobháil a dhéanamh don leanbh a laghdú agus chun a leas a chur chun. Soiléirítear sa phlean na bearta a bhfuiltear le tabhairt fúthu agus cé atá freagrach as gach cuid den phlean. Leanann leanaí ar cuireadh Pleananna um Chosaint Leanaí i dtoll a chéile dóibh ag cónaí sa bhaile, mura ndeimhnítear go bhfuil an leanbh i mbaol go leanúnach, nó má mheastar nach bhfuil ag éirí leis an bPlean um Chosaint Leanaí.  D'fhéadfadh cinneadh eascairt as na cásanna seo chun an leanbh a bhaint ón mbaile.

Tá Tusla tiomanta do chinntiú go dtacaítear le leanaí chun cónaí sa bhaile lena dteaghlaigh, i ngar dá gcairde agus scoileanna, agus laistigh dá bpobail féin. Ní bhaintear leanaí ó shuíomh a mbaile ach nuair a chruthaigh Tusla an tuairim, ar a laghad don am i láthair, nach féidir a sláinte, forbairt nó folláine a chinntiú ar bhealach eile.

Is gnách go ndéantar seo trí chomhaontú leis na tuismitheoirí. Sa chás nach féidir comhaontú a bhaint amach, áfach, déanfaidh Tusla iarratas ar na cúirteanna ar roinnt orduithe cúraim, lena chinntiú sábháilteacht agus folláine an linbh atá i gceist. Nuair a tharlaíonn seo, déantar gach iarracht chun leanaí a shuíomh laistigh dá dteaghlach sínte (cúram altrama le gaol) nó i socrúchán cúraim altrama. Cuirtear formhór na leanaí a chuirtear faoi chúram i suíomh teaghlaigh. Sa chás nach féidir seo a dhéanamh nó nach bhfuil sé oiriúnach, féadtar leanbh a chur i Seirbhís Chónaithe do Leanaí, ar saoráid chúraim é atá lonnaithe de ghnáth i suíomh pobail. Déantar gach iarracht, chomh maith leis sin, chunsiblíní a choimeád le chéile nuair is gá iad a bhaint ó chúram a dtuismitheoirí.

Fad a bhíonn an próiseas measúnaithe/pleanála ar bun, déanfaidh an t-oibrí sóisialta a sannadh athbhreithniú ar dhul chun cinn na hidirghabhála agus ar fhaisnéis eile ó shainghairmithe eile a bhfuil baint acu leis an teaghlach agus déanfaidh siad leasú ar mheasúnú riosca, dá réir. Leanfaidh an t-oibrí sóisialta sannta le teagmháil dhlúth a dhéanamh leis an leanbh agus an teaghlach, déanfaidh sé/sí socruithe chun measúnuithe a dhéanamh agus rachaidh sé/sí i gcomhairle le gairmithe eile a chasann leis an leanbh go rialta. Is é anpríomhrud ar a mbreithnítear saghas na hidirghabhála a theastaíonn a shainaithint lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais an linbh agus go gcoimeádtar an leanbh sábháilte.

Nuair a thugtar measúnú ar bhuairt faoi chosaint leanaí chun críche, déanfaidh Tusla cinneadh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bunús leis an líomhain i leith mí-úsáide. Déanfaidh Tusla idirchaidreamh leis na Gardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe coiriúla an cháis, agus déanfar machnamh

ar faisnéis a roinnt le tríú páirtithe go foirmiúil. Baineann ríthábhacht le sábháilteacht an linbh agus níor cheart baint de shábháilteacht an linbh ag aon tráth mar gheall go bhfuiltear buartha faoi shláine imscrúdaithe choiriúil.

## Eolas a roinnt le tríú páirtí

Is féidir le leanbh nó duine fásta líomhaintí a dhéanamh faoi buarthaí um chosaint leanaí atá i gceist faoi láthair nó a bhí i gceist roimhe seo. B'fhéidir go leanfaidh an duine a líomhnaítear a bhí mar chúis leis an díobháil seo leanúint le haon leanbh a chur i mbaol a bhfuil teagmháil acu leo cé acu i gcaitheamh a saoil phearsanta nó ghairmiúil. Is é leas an linbh an t-ábhar is ríthábhachtaí, agus sa chás go meastar leanbh bheith i mbaol láithreach agus tromchúiseach, is amhlaidh a ghlacfaidh Tusa gach céim riachtanach chun sábháilteacht an linbh a chosaint láithreach. D'fhéadfaí a áireamh leis seo faisnéis a roinnt le tríú páirtithe ábhartha nó an duine a líomhnaítear a bhí mar chúis leis an díobháil a chur ar an eolas.

Tá oibleagáid ar Tusla faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 chun leas leanaí a chur chun cinn agus ceanglaítear air, ar an ábhar sin, chun dul i mbun aon bheart riachtanach agus cuí chun faisnéis a roinnt leis na tríú páirtithe ábhartha lena chinntiú gur féidir dul i mbun bearta cosanta chun leas linbh a chosaint. D'fhéadfadh faisnéis a roinnt leis leisna tríú páirtithe ábhartha a bheith i gceist leis seo d'fhonn gur féidir leo, mar dhaoine fásta freagracha, dul i mbun an ghnímh riachtanaigh chosanta. D'fhéadfaí a áireamh le tríú páirtithe sa chomhthéacs seo páirtnéirí, daoine muinteartha nó fostóirí ar bhonn riachtanais.

Sa chás nach gcruthaítear baol láithreach do leanbh, tá dualgas ar Tusla a chinntiú, sa chás gur féidir, go bhfuil aon ghníomh faoina dtugtar i gcomhréir le ceartas aiceanta agus nósanna imeachta córa. Tá an ceart ag an duine a líomhnaítear a bhí mar chúis leis an díobháil go gcuirfear ar an eolas é/í ar na líomhaintí a rinneadh ina leith agus chun deis réasúnta a fháil chun freagairt a thabhairt. Beidh aon fhaisnéis a sholáthraítear mar chuid den phróiseas measúnaithe agus ní chomhroinnfear faisnéis le tríú páirtí éigin nó go dtagtar ar chonclúid go mbíonn "forais" leis an mbuairt agus go gcreidtear go bhféadann leanbh nó leanaí bheith i mbaol féideartha na díobhála.

D'fhorbair Tusla nósanna imeachta inmheánacha chun an fhoireann a threorú nuair a dhéantar measúnú ar líomhaintí i leith mí-úsáide i gcoinne duine aonair. Ceanglaítear sna nósanna imeachta seo ar an bhfoireann leas an linbh a chur chun cinn fad a chuirtear an oibleagáid san áireamh atá ar Tusla, i gcomhthráth, chun cearta an chúisí a chosaint agus chun cloí le prionsabail an cheartais aiceanta.

## Cearta na dtuismitheoirí

Is minic go measann tuismitheoirí go bhfuil an próiseas imscrúdaithe agus measúnaithe an-chasta agus ionrach. Níor cheart d'oibrithe sóisialta iarracht a dhéanamh chun caidreamh a léiríonn meas agus atá bisiúil a chruthú le teaghlaigh agus a leanaí. Más tuismitheoir linbh thú a bhfuil measúnú á dhéanamh ag Tusla air/uirthi, ba cheart go gcuirfí ar an eolas thú ar an bhfáth

a bhfuil amhlaidh á dhéanamh agus ba cheart go dtabharfaí an deis duit freagairt a thabhairt. Ba cheart buarthaí faoi do leanbh a mhíniú duit. Ba cheart go dtabharfaí faisnéis duit faoi fheidhmeanna, ról agus cumhachtaí Tusla.

Ba cheart go míneodh Tusla do chearta dlíthiúla féin agus cearta dlíthiúla do linbh. Ba cheart do thuairimí agus tuairimí do linbh, sa chás gur cuí, a lorg.

Ba cheart duit comhoibriú leis an bpróiseas measúnaithe, agus mura bhfuil tú cinnte faoi aon cheann de na moltaí a rinneadh, ba cheart duit a fhiafraí cad a bheidh i gceist leo i dtaobh do linbh agus do theaghlaigh. Ba cheart do Tusla a mhíniú duit conas a théann na hathruithe seo chun sárleasa do linbh.

Mura dtagtar ar aon bhuarthaí, féadfaidh tú a iarraidh go ndéanann an t-oibrí sóisialta teagmháil le gach ceann de nagníomhaireachtaí a ndeachaigh siad i gcomhairle leo chun iad a chur ar an eolas ar thoradh an mheasúnaithe.

## Cearta na leanaí

Ba cheart go mbeadh idirghabháil um chosaint leanaí dírithe ar an leanbh i gcónaí agus ba cheart go ndéanfaidís breithniú ar gach leanbh sa teaghlach mar dhuine aonair. Ciallaíonn seo an deis a thabhairt dóibh chun a dtuairimí a léiriú agus díriú ar a fheabhas atá a saol sa bhaile. Tá an ceart ag leanaí go gcloistear iad, go n-éistear leo agus nach ndéantar beag is fiú don mhéid a deir siad. Nuair a chuirtear a n-aois agus a dtuiscint san áireamh, ba cheart dul i gcomhairle leo agus ba cheart go mbeidís bainteach i gceisteanna agus i gcinntí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá saol. Sa chás go bhfuiltear buartha faoi leas nó sábháilteacht linbh, ba cheart go dtabharfaí deiseanna chun go n-éistear lena dtuairimí go neamhspleách óna dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí. Caithfear cothromaíocht cheart a bhaint amach idir leanaí a chosaint agus meas a léiriú ar chearta agus riachtanais tuismitheoirí/ chaomhnóirí agus teaghlach. Sa chás go dtiteann coimhlint amach, ba cheart do Tusla a lorg chun tús áite a thabhairt chun leas an linbh.

## Aiseolas do dhaoine a thuairiscíonn imní

Is gnách go n-aithneoidh Tusla tuairiscí a dhéanann tú faoi leanbh agus féadfaidh sé teagmháil a dhéanamh leat chun teacht ar bhreis faisnéise, más gá. Ní féidir le Tusla, áfach, thú a choimeád ar an eolas ar dhul chun cinn nó ar thoradh an cháis. Cé go bhféadfadh an easpa d'fhaisnéis athleantach bheith ina chúis frustrachais duit, teastaíonn seo chun príobháideachas iad siúd atá bainteach a chosaint. Má leanann buarthaí a bheith ort faoi shábháilteacht linbh, nó má thagann faisnéis nua chun solais i ndiaidh gur cuireadh Tusla ar an eolas ar an mbuairt, ba cheart duit seo a chur ar aird Tusla.

## Nós imeachta un ghearáin

Mura bhfuil tú sásta leis an tseirbhís a sholáthair Tusla duit, tá nós imeachta chun gearáin a dhéanamh ann. Ar an gcead dul síos, is fearr chun iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach ar leibhéal áitiúil. Mura féidir seo a dhéanamh, féadfaidh tú gearán foirmiúil a dhéanamh le Tusla agus déanfaidh an t-oifigeach gearán imscrúdú air. Is féidir leat teacht ar faisnéis faoi conas gearán foirmiúil a dhéanamh ar láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie**).

# CAIBIDIL 6

## Maoirseacht ar Leas agus Cosaint Leanaí

# AIDHM NA CAIBIDLE

Tugtar cuntas sa chaibidil seo ar róil Ranna Rialtais Láir agus Rialtais chun leas agus sábháilteacht leanaí a chur chun cinn. Déantar cur síos inti ar na struchtúir atá i bhfeidhm i measc na Ranna Rialtais éagsúla chun ardchaighdeáin a choimeád i leas agus cosaint leanaí. Sonraítear ann, chomh maith, róil na bpríomhchomhlachtaí a bhfuil ról maoirseachta acu maidir leis na seirbhísí reachtúla do leanaí agus daoine óga.

# RANNA RIALTAIS

Bíonn Ranna Rialtais freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar leanaí agus daoine óga sábháilte fad a chuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a sholáthraíonn nó a chistíonn gach roinn. Bíonn ranna freagrach, chomh maith, as a chinntiú go bhfuil cur amach ag an bhfoireann go léir sa roinn féin, na hearnálacha agus na gníomhaireachtaí faoi shainchúram na roinne, agus na seirbhísí a chistíonn an roinn ar na hoibleagáidí faoin *Treoir* seo agus faoin reachtaíocht ábhartha agus go gcloíonn siad leo. Áirítear leis seo, ach go háirithe, na hoibleagáidí reachtúla atá ar dhaoine faoi shainordú agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú.

# AN ROINN LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE

Sa bhliain 2011, bhunaigh an Rialtas an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ) agus thug sé roinnt príomhlimistéir bheartais agus sheirbhísí le chéile do leanaí, daoine óga agus teaghlaigh. Bíonn an RLGÓ freagrach as an creat reachtaíochta agus beartais a fhorbairt trína soláthraítear na seirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus trína ndéantar monatóireacht, cigireacht agus tomhais orthu.

Bíonn roinnt oibleagáidí ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint faoi chosaint agus leas leanaí. Foilsíodh an leagan leasaithe agus nuashonraithe de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí* chun an ceanglas sin a chomhlíonadh agus meastar, ar an ábhar sin, gurb ionann é agus treoirlínte a eisíodh faoi alt 6 den Acht. Ina theannta sin, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh faoi Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus na nósanna imeachta faoina ndéanfaidh daoine faoi shainordú tuairiscí. Caithfidh an tAire Grúpa um Chur i bhFeidhm Idir-Rannach a bhunú agus na comhaltaí agus an cathaoirleach a cheapadh.

# GRÚPA IDIR-RANNACH UM CHUR I BHFEIDHM TÚS ÁITE DO LEANAÍ

Foráiltear i gCuid 4 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 do Ghrúpa Idir-Roinne um Chur i bhFeidhm Tús Áite do Leanaí. Fóram atá sa Ghrúpa um Chur i bhFeidhm inar féidir le comhaltaí saincheisteanna um leas agus cosaint leanaí lena mbaineann buairt ghinearálta a thabhairt chun solais, nó ina bhfuil toise trasearnála i measc na n-earnálacha éagsúla.

Bhunaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an grúpa seo agus tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ina cathaoirleach air. Tá a bhallraíocht comhdhéanta de dhaoine ainmnithe ó gach Roinn Rialtais, anuas ar ionadaí ó Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an Garda Síochána agus Feidhmeannachtna Seirbhíse Sláinte.

Is iad feidhmeanna an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm ná an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Act a chur chun cinn i measc Ranna Rialtais
2. Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte a d'eisigh an tAire ag Ranna Rialtais
3. Tacaíocht a sholáthar do Ranna Rialtais i dtaca le hullmhú agus foilsiú pleananna earnála um chur i bhfeidhm
4. Cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn ag Ranna Rialtais i leith ullmhú agus foilsiú pleananna earnála um chur i bhfeidhm
5. Tuairisciú a dhéanamh leis an Aire, nuair a iarrtar amhlaidh a dhéanamh, ar chur i bhfeidhm an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus na dtreoirlínte a d'eisigh an tAire
6. Faisnéis nó comhairle a sholáthar, nó tograí a dhéanamh, leis an Aire maidir le haon cheann de na ceisteanna thuas.

Ina theannta sin, caithfidh an Grúpa um Chur i bhFeidhm tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar fheidhmíocht a feidhmeanna agus a gníomhaíochtaí.

### Grúpaí maoirseachta

Cé go ndéantar ionadaíocht do gach Roinn Rialtais ar an nGrúpa Idir-Rannach, beidh Grúpa Maoirseachta inmheánach um Thús Áite do Leanaí ag roinnt ranna. Féadfaidh an grúpa seo breithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar fhreagrachtaí leasa agus cosanta leanaí na roinne agus a hearnálacha agus gníomhaireachtaí. Is féidir déileáil le saincheisteanna um leas agus cosaint leanaí a thagann chun solais laistigh den roinn nó a gníomhaireachtaí, i dtosach, i nGrúpa Maoirseachta um Thús Áite do Leanaí na roinne agus is féidir iad a chur faoi bhráid an Ghrúpa Idir-Rannach ina dhiaidh sin, más gá. Mar shampla, d'fhéadfadh seo tarlú má tá impleachtaí trasrannacha nó trasearnála níos fairsinge ag an tsaincheist.

## PLEANANNA FORFHEIDHMITHE EARNÁLACHA

Leagtar san Acht um Thús Áite do Leanaí oibleagáid ar gach Aire Rialtais a chinntiú go n-ullmhaíonn a roinn **plean earnála um chur i bhfeidhm**. Leagtar amach sna pleananna seo an clár beart atá i bhfeidhm nó atá ar na bacáin le comhlíonadh fhorálacha na *Treorach* agus an Achta a chinntiú. Baineann na pleananna earnála um chur i bhfeidhm ní hamháin leis an Roinn

Rialtais, ach le haon eagraíocht a sholáthraíonn seirbhís ábhartha do leanaí agus a fhaigheann cistiú ón roinn ábhartha ina thaobh sin. Caithfidh siad a bpleananna earnála um chur i bhfeidhm a fhoilsiú agus iad a athbhreithniú gach trí bliana.

# COMHAIRLE, EOLAS AGUS OILIÚINT

Bíonn gach Roinn Rialtais nó comhlacht a chistítear go poiblí freagrach as an bhfaisnéis agus/nó oiliúint a shainaithint faoi leas agus cosaint leanaí a theastaíonn dá bhfoireann agus oibrithe deonacha. Ba cheart faisnéis ar chaighdeán maith a sholáthar do gach comhalta foirne agus oibrí deonach maidir le buarthaí faoi chosaint agus leas leanaí a aithint agus a thuairisciú. Anuas air sin, ba cheart go soláthrófaí faisnéis shoiléir faoi ról nangníomhaireachtaí reachtúla atá freagrach go príomha as cosaint agus leas leanaí, ina measc, Tusla agus an Garda Síochána. Ba cheart do Ranna Rialtais a shásamh dóibh féin go bhfuil gach duine faoi shainordú agus gach soláthraí seirbhísí ábhartha faoina sainchúram ar an eolas ar agus go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí sonracha reachtúla um leas agus cosaint leanaí, a n-oibleagáidí, ach go háirithe, faoin Treoir seo agus sa reachtaíocht ábhartha ina measc.

Soláthraíonn Tusla acmhainní faisnéise ar *Threoir* agus reachtaíocht um Thús Áite do Leanaí, modúl oiliúna ríomhfhoghlamaina measc. Cumhdaíonn an modúl ríomhfhoghlama seo, ar a dtugtar *Tús Eolais ar Tús Áite do Leanaí*, mí-úsáid leanaí a aithint agus a thuairisciú, ról daoine faoi shainordú, cúntóireacht faoi shainordú, freagrachtaí eagraíochtaí a oibríonn le leanaí chun leanaí a chosaint, agus leas á bhaint as a seirbhísí, ina measc. Féadfaidh tú teacht ar fhaisnéis faoi theacht ar an modúl ríomhfhoghlama seo agus ar acmhainní faisnéise eile de chuid Tusla ar láithreán gréasáin Tusla (**www.tusla.ie**).

# COMHLACHTAÍ ÁBHARTHA EILE

Bíonn ról suntasach ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), Oifig an Ombudsman do Leanaí, agus ag an bPainéal Náisiúnta Athbhreithnithe sa limistéar um leas agus cosaint leanaí.

## An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Údarás neamhspleách is ea an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), a bunaíodh chun feabhsú leanúnach a chur chun cinn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann. Tá HIQA freagrach as forbairt caighdeáin cháilíochta le haghaidh seirbhísí cosanta agus leasa leanaí, agus chun feidhmíocht sheirbhísí Tusla i gcoinne na gcaighdeán siúd a thomhas.

D'fhorbair HIQA *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (2012) chun tacú le feabhsú leanúnach i gcúram agus cosaint leanaí a gcuirtear seirbhísí cosanta agus leasa leanaí ar fáil dóibh. Soláthraíonn na caighdeáin seo atá bunaithe ar thorthaí creat chun seirbhísí leanbhlárnacha a fhorbairt in

Éirinn a chosnaíonn leanaí agus a chuireann a leas chun cinn. Tá de chuspóir acu chun aistear linbh a leanúint laistigh den chóras um chosaint leanaí lena chinntiú go gcosnaítear sábháilteacht agus leas an linbh.

Déantar cur síos sna caighdeáin ar an méid ar cheart do Tusla a dhéanamh lena chinntiú go gcosnaíonn sé agus go dtugann sé aire do leas leanaí nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á bhfáil acu. Leagfar béim sna caighdeáin ar cé acu an gá nó nach gá cáilíocht agus sábháilteacht chúraim leanaí sa chóras um chosaint leanaí a fheabhsú. Anuas air sin, féadfaidh siad cabhrú leis na daoine a sholáthraíonn na seirbhísí chun a dheimhniú conas is féidir leo iad a fheabhsú. Cabhraíonn na caighdeáin le leanaí, lena dteaghlaigh agus lena gcúramóirí a thuiscint cad ba cheart a bheith i gceist le seirbhís shábháilte um chosaint leanaí.

Déanann HIQA cigireacht ar gach ceann de limistéir sheirbhíse um leas agus cosaint leanaí de chuid Tusla i gcoinne na gcaighdeán náisiúnta, agus déanann sé tuairisciú ar a dtorthaí. Tá freagracht ar HIQA, chomh maith, as cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí le haghaidh leanaí i gcúram agus i scoileanna coinneála.

Is féidir leat teacht ar bhreis faisnéise agus ar chóipeanna de na tuarascálacha cigireachta ar láithreán gréasáin HIQA (**www.hiqa.ie**).

## Oifig an Ombudsman do Leanaí

Oifig neamhspleách is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí atá freagrach don Oireachtas agus tá dualgais reachtúla air chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn agus a chosaint.

Is iad a príomhfheidheannachunan méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Seirbhís neamhspleách um láimhseáil gearán maidir le comhlachtaí poiblí
2. Tús a chur le himscrúduithe faoina stuaim féin chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fadhbanna sistéamacha ann a d'fhéadfadh deacrachtaí a chruthú do go leor leanaí
3. Cearta leanaí a chur chun cinn, trí ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus cumarsáide ina measc
4. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht a bhaineann le ceisteanna i dtaca le cearta agus leas leanaí
5. Comhairle a chur ar aon Aire Rialtais faoi aon cheist a bhaineann le cearta agus leas leanaí
6. A chinntiú go mbaineann an dlí, beartas agus cleachtas na caighdeáin agus na hoibleagáidí is airde amach ar aon dul le Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh

Is féidir leat teacht ar bhreis faisnéise faoi Oifig an Ombudsman do Leanaí ar an láithreán gréasáin (**www.oco.ie**).

## An Painéal Athbhreithnithe Náisiúnta

Bunaíodh an Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe sa bhliain 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna ina bhfaigheann leanaí atá i gcúram an Stáit, nó a raibh aithne ag na seirbhísí um chosaint leanaí orthu, bás nó ina mbíonn siad thíos le teagmhais thromchúiseacha. Is é a phríomhfheidhmchun cáilíocht an tsoláthair sheirbhíse a soláthraíodh don leanbh nó duine óg a dheimhniú sular fuair siad bás nó sula raibh siad thíos le teagmhas tromchúiseach. Díríonn sé go príomha ar éifeachtach agus cáilíocht na gníomhaíochta túslíne agus bainistíochta, anuas ar chomhlíonadh treorach agus nósanna imeachta. Chomh maith leis sin, scrúdaíonn sé comhoibriú idirghníomhaireachta agus leagann sé béim ar bhacainní i leith dea-chleachtais.

Feidhm mhór den phróiseas athbhreithnithe is ea pointí foghlama a shainaithint a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar cháilíocht an chleachtais, má shainaithnítear iad. Cé go soláthraíonn Tusla tacaíocht riaracháin, tá an PNA neamhspleách i dtaobh feidhme. Tugann sé faoi imscrúduithe go hoibiachtúil agus cuireann sé tuarascálacha a tugadh chun críche faoi bhráid chathaoirleach bhord Tusla agus faoi bhráid HIQA.

Is féidir leat teacht ar bhreis faisnéise faoin bPainéal Náisiúnta Athbhreithnithe, agus ar chóipeanna dá thuarascálacha ar **www.tusla.ie/national-review-panel**.

# AGUISÍNÍ

# AGUISÍN 1: SCEIDEAL NA SEIRBHÍSÍ REATHA FAOIN ACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ, 2015

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas i Sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar Sheirbhísí Ábhartha:

1. Any work or activity which is carried out by a person, a necessary and regular part of which consists mainly of the person having access to, or contact with, children in—
   - (a) an establishment which provides early years services within the meaning of Part VIIA of the Child Care Act 1991,
   - (b) a school or centre of education, both within the meaning of the Education Act 1998,
   - (c) any hospital, hospice, health care centre or other centre which receives, treats or otherwise provides physical or mental health services to children,
   - (d) a designated centre within the meaning of section 2 of the Health Act 2007, in so far as it relates to an institution at which residential services are provided in accordance with the Child Care Act 1991 or to children with disabilities in relation to their disabilities,
   - (e) a special care unit provided and maintained in accordance with section 23K of the Child Care Act 1991,
   - (f) a children detention school within the meaning of section 3 of the Children Act 2001,
   - (g) a reception or accommodation centre which provides residential accommodation services to applicants for asylum under contract to the Department of Justice and Equality where children may be accommodated, or
   - (h) a centre which provides residential accommodation services to victims of domestic violence where children may be accommodated.
2. Any work or activity which consists of the inspection of a service provided to a child under the Child Care Act 1991, the Education Act 1998, the Children Act 2001 or the Health Act 2007.
3. Any work or activity which consists of the inspection, examination or investigation by the Office of the Ombudsman for Children under the Ombudsman for Children Act 2002.
4. Any work or activity which consists of treatment (including assessment which may lead to treatment), therapy or counselling provided to a child.
5. Any work or activity which consists of the provision of—
   - (a) educational, research, training, cultural, recreational, leisure, social or physical activities to children,
   - (b) care or supervision of children, or
   - (c) formal consultation with, or formal participation by, a child in respect of matters that affect his or her life, whether or not for commercial or any other consideration.

6. Any work or activity which consists of the provision of advice or guidance services (including by means of electronic interactive communications), a necessary and regular part of which consists, mainly, of the person having access to, or contact with, children.
7. Any work or activity as a minister or priest or any other person engaged in the advancement of any religious beliefs which would or could bring that minister, priest or other person, as the case may be, into contact with a child.
8. Any work or activity as a driver of, or as an assistant to the driver, or as a conductor, or as a supervisor of children using a vehicle which is being hired or used only for the purpose of conveying children who are unaccompanied by a parent or guardian.
9. Any work or activity which is carried out by a member of An Garda Síochána, a necessary and regular part of which consists mainly of the person having access to, or contact with, children.

# AGUISÍN 2: SCEIDEAL NA NDAOINE FAOI SAINORDAITHE FAOIN ACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ, 2015

Sonraítear i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 na haicmí seo a leanas de dhaoine mar Dhaoine faoi Shainordú ar mhaithe le cuspóirí an Achta:

1. Registered medical practitioner within the meaning of section 2 of the Medical Practitioners Act 2007.
2. Registered nurse or registered midwife within the meaning of section 2(1) of the Nurses and Midwives Act 2011.
3. Physiotherapist registered in the register of members of that profession.
4. Speech and language therapist registered in the register of members of that profession.
5. Occupational therapist registered in the register of members of that profession.
6. Registered dentist within the meaning of section 2 of the Dentists Act 1985.
7. Psychologist who practises as such and who is eligible for registration in the register (if any) of members of that profession.
8. Social care worker who practises as such and who is eligible for registration in accordance with Part 4 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 in the register of that profession.
9. Social worker who practises as such and who is eligible for registration in accordance with Part 4 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 in the register (if any) of that profession.
10. Emergency medical technician, paramedic and advanced paramedic registered with the Pre-Hospital Emergency Care Council under the Pre-Hospital Emergency Care Council (Establishment) Order 2000 (S.I. No. 109 of 2000).
11. Probation officer within the meaning of section 1 of the Criminal Justice (Community Service) Act 1983.
12. Teacher registered with the Teaching Council.
13. Member of An Garda Síochána.
14. Guardian *ad litem* appointed in accordance with section 26 of the Child Care Act 1991.
15. Person employed in any of the following capacities:
    (a) manager of domestic violence shelter;
    (b) manager of homeless provision or emergency accommodation facility;
    (c) manager of asylum seeker accommodation (direct provision) centre;
    (d) addiction counsellor employed by a body funded, wholly or partly, out of moneys provided by the Oireachtas;
    (e) psychotherapist or a person providing counselling who is registered with one of the voluntary professional bodies;
    (f) manager of a language school or other recreational school where children reside away from home;

(g) member of the clergy (howsoever described) or pastoral care worker (howsoever described) of a church or other religious community;
(h) director of any institution where a child is detained by an order of a court;
(i) safeguarding officer, child protection officer or other person (howsoever described) who is employed for the purpose of performing the child welfare and protection function of religious, sporting, recreational, cultural, educational and other bodies and organisations offering services to children;
(j) child care staff member employed in a pre-school service within the meaning of Part VIIA of the Child Care Act 1991;
(k) person responsible for the care or management of a youth work service within the meaning of section 2 of the Youth Work Act 2001.

16. Youth worker who—
    (a) holds a professional qualification that is recognised by the National Qualifications Authority in youth work within the meaning of section 3 of the Youth Work Act 2001 or a related discipline, and
    (b) is employed in a youth work service within the meaning of section 2 of the Youth Work Act 2001.

17. Foster carer registered with the Agency.
18. A person carrying on a pre-school service within the meaning of Part VIIA of the Child Care Act 1991.

# AGUISÍN 3: CIONTA GNÉASACHA ARNA LEAGAN AMACH SAN ACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ 2015 [ARNA LEASÚ AG AN ACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA GNÉASACHA ) 2017]


Leagtar amach i Sceideal 3 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 cionta chun críocha mhír (a) den sainmhíniú seo a leanas a thugtar ar 'mí-úsáid ghnéasach' in alt 2:


1. Rape.
2. Rape under section 4 of the Criminal Law (Rape) (Amendment) Act 1990.
3. Sexual assault.
4. Aggravated sexual assault within the meaning of section 3 of the Criminal Law (Rape) (Amendment) Act 1990.
5. An offence under section 1 of the Punishment of Incest Act 1908 (incest by males).
6. An offence under section 2 of the Punishment of Incest Act 1908 (incest by females of or over 17 years of age).
7. An offence under section 6(1) of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 1993 (soliciting or importuning for purposes of commission of sexual offence).
8. An offence under section 2 of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2006 (defilement of child under 15 years of age).
9. An offence under section 3 of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2006 (defilement of child under 17 years).

9A. An offence under section 3A of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2006 (offence by person in authority).

10. An offence under either of the following provisions of the Child Trafficking and Pornography Act 1998:
    (a) section 3 (child trafficking and taking, etc., child for sexual exploitation);
    (b) section 4 (allowing child to be used for child pornography);
    (c) section 4A (organising etc. child prostitution or production of child pornography);
    (d) section 5A (participation of child in pornographic performance).
11. An offence under section 5 of the Criminal Law (Human Trafficking) Act 2008 in so far as it relates to a child who has been trafficked for the purpose of his or her exploitation (soliciting or importuning for purposes of prostitution of trafficked person).
12. An offence under section 176 of the Criminal Justice Act 2006 (reckless endangerment of children).
13. An offence under section 249 of the Children Act 2001 (causing or encouraging sexual offence upon a child).
14. An offence under any of the following provisions of the Criminal Law (Sexual Offences) Act 2017:
    (a) section 4 (invitation etc. to sexual touching);
    (b) section 5 (sexual activity in the presence of child);
    (c) section 6 (causing child to watch sexual activity);
    (d) section 8 (use of information and communication technology to facilitate sexual exploitation of child).

# AGUISÍN 4: AN BEALACH D'IMNÍ FAOI LEAS NÓ COSAINT LEANAÍ A TUAIRISCÍODH CHUIG TUSLA




Ní faoi Sheirbhísí Oibre Sóisialta Tusla atá sé
Idirghabháil comhordaithe ag Tusla nó gníomhaireachtaí pobail
Buairt go bhfuil riachtanais linbh ag méadú agus gurb ann d'fhorais réasúnta le bheith buartha
Ní theastaíonn idirghabháil faoi Stiúir Tusla ón leanbh agus an teaghlach a thuilleadh
Cruinniú Straitéise
PLEAN OS/PLEAN TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH
Faoi Sheirbhísí Oibre Sóisialta Tusla
Comhdháil um Chosaint Leanaí
PLEAN UM CHOSAINT LEANAÍ
CONAIR 4
CÚRAM MALARTACH
Faoi stiúir Tusla
PLEAN CÚRAIM
Tusla

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
43-49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4
D04 YP52
Tel: +353 (0)1 647 3000
Ríomhphost: contact@dcya.gov.ie
Gréasán: www.dcya.ie

Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
[Teil: 076 110 6834 nó 1890 213434;
Fax: 076 110 6843]
nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas: €1.00

ISBN 978-1-4064-2959-6

Deartha ag Penhouse Design www.penhouse.ie